



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Márta 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0331(COD)

14308/1/20
REV 1

CT 122
ENFOPOL 355
COTER 121
JAI 1135
CYBER 285
TELECOM 281
FREMP 149
AUDIO 70
DROIPEN 127
CODEC 1412
PARLNAT 147

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne

RIALACHÁN (AE) 2021/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an...

maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C 110, 22.3.2019, lch. 67.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm leis an Rialachán seo feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair dhigitigh a áirithiú i sochaí oscailte dhaonlathach, trí aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid seirbhísí óstála chun críocha sceimhlitheoireachta agus trí rannchuidiú le slándáil an phobail ar fud an Aontais. Ba cheart feidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh a fheabhsú trí threisiú na deimhneachta dlíthiúla do sholáthraithe seirbhísí óstála agus trí neartú ar an muinín atá ag na húsáideoirí as an timpeallacht ar líne, agus trí neartú na gcoimircí atá ann i dtaca leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear an tsaoirse faisnéis agus smaointí a fháil agus a thabhairt i sochaí oscailte agus dhaonlathach agus saoirse agus iolrachas na meán.
- (2) Bearta rialála chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, ba cheart iad a chomhlánú le straitéisí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear an litearthacht sna meán agus an smaointeoireacht chriticiúil a neartú, insintí malartacha agus frithinsintí a fhorbairt, agus tionscnaimh eile chun tionchar ábhair sceimhlitheoireachta ar líne agus leochaileacht ina leith a laghdú, chomh maith le hinfheistíocht in obair shóisialta, i dtionscnaimh dhíradacaithe agus i rannpháirtíocht leis na pobail a bhfuil dochar déanta dóibh tríd an radacú, d'fhonn cosc inbhuanaithe ar radacú sa tsochaí a bhaint amach.
- (3) Chun aghaidh a thabhairt ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, ar cuid é d'fhadhb níos leithne maidir le hábhar neamhdhleathach ar líne, tá meascán de bhearta reachtacha, bearta neamhreachtacha agus bearta deonacha de dhíth ina leith bunaithe ar chomhoibriú idir údaráis agus soláthraithe seirbhísí óstála, ar bhealach lena n-urramófar go hiomlán cearta bunúsacha.

- (4) Is ról ríthábhachtach atá ag na soláthraithe seirbhísí óstála atá gníomhach ar an idirlíon sa gheilleagar digiteach, toisc go nascann siad an gnó agus saoránaigh le chéile, agus go n-éascaíonn siad an díospóireacht phoiblí agus dáileadh agus glacadh faisnéise, tuairimí agus smaointí, agus go gcuireann siad go mór leis an nuálaíocht, leis an bhfás eacnamaíoch, agus le cruthú post san Aontas. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, baineann tríú páirtithe mí-úsáid as seirbhísí sholáthraithe seirbhísí óstála chun críche gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a dhéanamh ar líne. Is údar imní ar leith í mí-úsáid na seirbhísí sin ag grúpaí sceimhlitheoireachta agus a lucht tacaíochta chun ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar líne d'fhonn a mbriathar a chraobhscaoileadh, d'fhonn leantóirí a radacú agus a earcú, agus d'fhonn gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a éascú agus a stiúradh.
- (5) Cé nach é an t-aon toisc amháin é, léiríodh gur spreagadh é ábhar sceimhlitheoireachta a bheith ar líne i dtaca le daoine aonair a radacú, agus go bhféadfadh gníomhartha sceimhlitheoireachta eascairt as sin, agus, dá bhrí sin, is tromchúiseach na hiarmhairtí a bhíonn aige d'úsáideoirí, do shaoránaigh agus don tsochaí trí chéile, agus do na soláthraithe seirbhísí ar líne a dhéanann óstáil ar an ábhar den sórt sin chomh maith, ós rud é go gcreimeann sé an mhuinín atá ag a gcuid úsáideoirí féin astu agus déanann sé dochar dá gcuid samhlacha gnó. I bhfianaise an róil lárnaigh atá ag soláthraithe seirbhísí óstála ar líne agus na modhanna agus na gcumas teicneolaíochta a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad, tá freagrachtaí ar leith orthu i leith na sochaí chun a gcuid seirbhísí a chosaint ar mhí-úsáid ag sceimhlitheoirí, agus chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta trína gcuid seirbhísí ar líne, agus buntábhacht na saoirse tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear an tsaoirse faisnéis agus smaointe a fháil agus a thabhairt i sochaí oscailte dhaonlathach, á gcur san áireamh.

- (6) Cuireadh tús le hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais in 2015 ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a chomhrac trí bhíthin chreat comhoibre deonaí idir na Ballstáit agus na soláthraithe seirbhísí óstála. Ní mór na hiarrachtaí sin a chomhlánú le creat soiléir reachtach chun an rochtain ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a laghdú a thuilleadh agus chun aghaidh a thabhairt go leormhaith ar fhadhb atá ag fás léi go haibéil. Féachtar leis an gcreat dlíthiúil cur leis na hiarrachtaí deonacha, a ndearnadh daingniú orthu le Moladh (AE) 2018/334 ón gCoimisiún¹, agus is freagra atá ann ar na hiarrataí a rinne Parlaimint na hEorpa bearta a neartú chun aghaidh a thabhairt ar ábhar neamhdhleathach agus díobhálach ar líne i gcomhréir leis an gcreat cothrománach arna bhunú le Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², agus ar na hiarrataí a rinne an Chomhairle Eorpach chun feabhas a chur ar bhrath agus ar bhaint anuas ábhar ar líne a bhfuil gríosú chun sceimhlitheoireachta ann.
- (7) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Threoir 2000/31/CE. Thar aon ní, níor cheart d'aon bheart, a ghlacann soláthraí seirbhísí óstála agus an Rialachán seo á chomhlíonadh aige, lena n-áirítear aon bhearta sonracha, a bheith ina chúis ann féin go gcaillfeadh an soláthraí seirbhísí óstála sin an tairbhe ón díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear sa Treoir sin. Thairis sin, leis an Rialachán seo, ní dhéantar difear do na cumhachtaí atá ag údarais náisiúnta ná ag cúirteanna náisiúnta dliteanas soláthraithe seirbhísí óstála a bhunú i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le díolúine ó dhliteanas a leagtar amach sa Treoir sin.

¹ Moladh (AE) 2018/334 ón gCoimisiún an 1 Márta 2018 maidir le bearta chun dul i ngleic go héifeachtach le hábhar neamhdhleathach ar líne (IO L 63, 6.3.2018, lch. 50).

² Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlíthiúla de sheirbhísí sochaí faisnéise, go háirithe an ríomhthráchtáil, sa Mhargadh Inmheánach ('Treoir maidir le ríomhthráchtáil') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

- (8) I gcás ina mbeidh coinbhleacht idir an Rialachán seo agus Treoir 2010/13/AE maidir le forálacha lena rialaítear seirbhísí meán closamhairc mar a shainmhínítear i bpointe (a) d’Airteagal 1(1) den Treoir sin iad, ba cheart forlámhas a bheith ag Treoir 2010/13/AE. Leis sin, níor cheart go ndéantar difear do na hoibleagáidí eile faoin Rialachán seo, go háirithe maidir le soláthraithe ardáin comhroinnte físeán.
- (9) Sa Rialachán seo, ba cheart rialacha a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid seirbhísí óstála le haghaidh scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne d’fhonn feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a ráthú. Ba cheart, leis na rialacha sin, na cearta bunúsacha atá á gcosaint san Aontais a urramú go hiomlán agus, go háirithe, na cearta a ráthaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).

- (10) Leis an Rialachán seo, féachtar le rannchuidiú le cosaint na slándála poiblí, agus coimircí téagartha iomchuí chun cosaint na gceart bunúsach a áirithiú á mbunú aige, lena n-áirítear an ceart go ndéanfar an saol príobháideach a urramú, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear an tsaoirse faisnéis a fháil agus a thabhairt, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil. Thairis sin, toirmisctear aon idirdhealú. Níor cheart do na húdaráis inniúla ná do na soláthraithe seirbhísí óstála ach bearta atá riachtanach, iomchuí agus comhréireach i sochaí dhaonlathach a ghlacadh, agus aird a thabhairt ar an tábhacht ar leith a leagtar ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus saoirse agus iolrachas na meán, rudaí atá mar bhunchloch riachtanach faoi shochaí iolraíoch agus dhaonlathach, agus arb iad na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe. Bearta a dhéanann difear don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, ba cheart iad a dhíriú go dian, chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, agus ag an am céanna an ceart chun faisnéis a fháil agus a thabhairt go dleathach á urramú, agus an ról lárnach atá ag na soláthraithe seirbhísí óstála a chur san áireamh in éascú na díospóireachta poiblí, agus i ndáileadh agus i bhfáil fíricí, tuairimí agus smaointí, i gcomhréir leis an dlí. Is spriocanna comhlántacha a threisiónn a chéile iad bearta éifeachtúla chun aghaidh a thabhairt ar ábhair sceimhlitheoireachta ar líne agus cosaint na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus ní spriocanna iad atá i gcoimhlint lena chéile.

(11) Ar mhaithe le soiléire faoi na gníomhaíochtaí atá le glacadh ag na soláthraithe seirbhísí óstála agus ag na húdaráis inniúla araon chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, ba cheart, sa Rialachán seo, sainmhíniú a bhunú ar 'ábhar sceimhlitheoireachta' chun críocha coisctheacha, sainmhíniú atá comhsheasmhach leis na sainmhínithe ar chionta ábhartha faoi Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Ós amhlaidh gur gá aghaidh a thabhairt ar an mbolscaireacht sceimhlitheoireachta ar líne is díobhálaí, ba cheart a chuimsiú leis an sainmhíniú sin ábhar lena ndéantar duine a ghríosú nó lena n-iarrtar ar dhuine cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó cuidiú lena ndéanamh, nó lena n-iarrtar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí grúpa sceimhlitheoireachta nó lena ndéantar gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a mhóradh, lena n-áirítear trí ábhar a scaipeadh ina léirítear ionsaí sceimhlitheoireachta. Ba cheart a áireamh freisin sa sainmhíniú ábhar lena soláthraítear treoir maidir le pléascáin, airm thine nó armáin eile nó substaintí guaiseacha nó díobhálacha, chomh maith le substaintí ceimiceacha, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléacha (CBRN) a dhéanamh agus a úsáid, nó maidir le modhanna nó teicnící sonracha eile, lena n-áirítear spriocanna a roghnú, chun críche cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó rannchuidiú le cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh. In ábhar den sórt sin, áirítear téacsanna, íomhánna, taifid fuaime agus fiseáin, chomh maith le tarchuir bheo cionta sceimhlitheoireachta, tarchuir a bhfuil ina mbaol go ndéanfar tuilleadh cionta den sórt sin dá mbarr. Agus measúnú á dhéanamh cé acu is nó nach ábhar sceimhlitheoireachta de réir bhrí an Rialacháin seo é an t-ábhar i gceist, ba cheart do na húdaráis inniúla agus do na soláthraithe seirbhísí óstála tosca éagsúla a chur san áireamh, amhail an mianach atá san ábhar agus an fhoclaíocht atá iontu, an comhthéacs ina ndearnadh na hábhair agus an baol atá ann gur dochar an iarmhairt a bheidh orthu i ndáil le slándáil agus sábháilteacht daoine. Toisc go bhfuil an t-ábhar á táirgeadh ag duine, grúpa nó eintiteas, a áirítear ar liosta an Aontais de dhaoine, grúpaí agus eintitis, atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, go bhfuil an t-ábhar sin inchurtha ina leith nó go bhfuil an t-ábhar á scaipeadh ar a son agus atá faoi réir bearta sriantacha, ba cheart an méid sin a bheith ina thoisic tábhachtach sa mheasúnú.

¹ Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

- (12) Níor cheart ábhar arna scaipeadh chun críocha oideachais, iriseoireachta, ealaíonta nó taighde nó chun feasacht a mhúscailt in aghaidh gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a mheas mar ábhar sceimhlitheoireachta. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu is nó nach 'ábhar sceimhlitheoireachta' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo faisnéis arna soláthar ag soláthraí ábhair, ba cheart go háirithe an ceart maidir le saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán, agus saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí a chur san áireamh. Go háirithe i gcásanna ina mbíonn freagracht eagarthóireachta ar an soláthraí ábhair, ba cheart na caighdeáin iriseoireachta arna mbunú le rialáil an phreasa nó na meán a chur san áireamh in aon chinneadh a dhéanfar maidir leis an ábhar arna scaipeadh a bhaint i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt. Thairis sin, níor cheart tuairimí radacacha, poileimiciúla nó conspóideacha arna gcur in iúl sa díospóireacht phoiblí faoi cheisteanna polaitiúla íogaire a mheas mar ábhar sceimhlitheoireachta.
- (13) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, agus urraim do shaol príobháideach daoine aonair á háiritiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe sheirbhísí na sochaí faisnéise a stóráil agus a scaipeann ar an bpobal faisnéis arna soláthar ag úsáideoir na seirbhíse arna iarraidh sin dó nó di, fiú murach gur de chineál teicniúil, uathoibríoch agus éighníomhach atá i stóráil agus scaipeadh na faisnéise agus an ábhair sin ar an bpobal. Ba cheart a thuiscint gurb é atá i gceist leis an gcoincheap 'stóráil' sonraí a choinneáil i gcuimhne freastalaí fhisiciúil nó fhíorúil. Dá bhrí sin, ba cheart do sheirbhísí 'cainéal fórach' nó 'taisceadh', chomh maith le seirbhísí eile a sholáthraítear i sraitheanna eile den bhonneagar idirlín, nach mbaineann stóráil leo, amhail clárlanna agus cláraitheoirí, chomh maith le soláthraithe córas ainmneacha fearainn (DNS), seirbhísí cosanta d'íocaíochtaí nó do dhiúltú dailte seirbhíse (DdoS), a bheith lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.

(14) Ba cheart gurbh é a bheadh sa choincheap ‘scaipeadh ar an bpobal’, faisnéis a chur ar fáil do líon daoine a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta, eadhon an fhaisnéis a chur ar fáil go héasca d'úsáideoirí i gcoitinne gan gá le tuilleadh gníomhaíochta ón soláthraí ábhair, gan beann ar na daoine sin ag teacht ar an bhfaisnéis atá i gceist. Dá réir sin, i gcás ina mbeidh gá le clárú nó cead isteach do ghrúpa úsáideoirí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, níor cheart an fhaisnéis sin a mheas a bheith scaipthe ar an bpobal ach amháin i gcás ina gclárófar nó ina ligfear isteach go huathoibríoch úsáideoirí atá ag iarraidh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis gan cinneadh ó dhuine nó gan roghnú cé dó ar cheart rochtain a cheadú. Níor cheart do sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta, mar a shainmhínítear i bpointe (5) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, amhail ríomhphoist nó seirbhísí teachtaireachtaí príobháideacha, teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart a mheas go bhfuil faisnéis le stóráil agus le scaipeadh ar an bpobal de réir bhrí an Rialacháin seo ach amháin i gcás ina ndéanfar na gníomhaíochtaí sin arna iarraidh sin go díreach don soláthraí ábhair. Dá bhrí sin, níor cheart soláthraithe seirbhísí, amhail néalbhoneagar, a sholáthraítear arna iarraidh sin do pháirtithe eile seachas na soláthraithe ábhair agus nach dtéann ach chun tairbhe na soláthraithe go hindíreach, a chumhdach leis an Rialachán seo. Ba cheart a chumhdach, leis an Rialachán seo, mar shampla, soláthraithe sheirbhísí meán sóisialta, comhroinnte físe, íomhánna agus fuaimne, chomh maith le seirbhísí comhroinnt comhad agus néalseirbhísí eile, a mhéid a úsáidtear na seirbhísí sin chun an fhaisnéis stóráilte a chur ar fáil don phobal arna iarraidh sin don soláthraí ábhair go díreach. I gcás ina dtairgeann soláthraí seirbhíse óstála roinnt seirbhísí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán ach amháin i dtaca leis na seirbhísí a thagann faoina raon feidhme.

¹ Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

- (15) Is minic a scaiptear ábhar sceimhlitheoireachta ar an bpobal trí sheirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí óstála atá bunaithe i dtríú tíortha. Chun úsáideoirí san Aontas a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh gach soláthraí seirbhíse óstála atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair digiteach faoi réir na gceanglas céanna, ba cheart feidhm a bheith ag an rialachán seo maidir le gach soláthraí seirbhísí ábhartha a thairgtear san Aontas, gan beann ar an tír ina bhfuil a bpríomhbhunaíocht. Ba cheart a mheas, go bhfuil seirbhísí á dtairiscint ag soláthraí seirbhísí san Aontas, I gcás ina gcuireann an soláthraí seirbhísí ar chumas do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha i mBallstát amháin nó níos mó a chuid seirbhísí a úsáid agus an bhfuil nasc substaintiúil aige leis an mBallstát nó na Ballstáit sin.

(16) Ba cheart gurb ann do nasc substaintiúil i gcás ina bhfuil bunaíocht ag an soláthraí seirbhísí óstála san Aontas, i gcás ina n-úsáideann líon mór úsáideoirí a sheirbhísí i mBallstát amháin nó níos mó, nó i gcás ina ndírítear a ghníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó. Ba cheart a chinneadh an bhfuil gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó ar bhonn na n-imthosca ábhartha go léir, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go coitianta sa Bhallstát lena mbaineann, nó gur féidir earraí nó seirbhísí a ordú ó Bhallstát den sórt sin. D'fhéadfadh díriú den sórt sin trí fheidhmchlár a bheith ar fáil san aipmhargadh náisiúnta ábhartha, fógraíocht áitiúil a bheith á soláthar nó fógraíocht a bheith á soláthar i dteanga a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát lena mbaineann, nó láimhseáil an chaidrimh le custaiméirí amhail caidreamh le custaiméirí a sholáthar i dteanga a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin. Ba cheart glacadh leis go bhfuil nasc substaintiúil ann freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhísí óstála a chuid gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Níor cheart gur leor ann féin rochtain ar shuíomh gréasáin sholáthraí seirbhísí óstála, ná ar sheoladh ríomhphoist, ná ar shonraí teagmhála eile i mBallstát amháin nó i níos mó ná Ballstát amháin chun gur ann do nasc substaintiúil. Tharis sin, maidir seirbhís a sholáthar díreach d'fhonn an toirmeasc ar idirdhealú a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² a chomhlíonadh, níor cheart, ar an bhforas sin amháin, an soláthair sin a mheas mar nasc substaintiúil leis an Aontas.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

² Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar maith léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 60I, 2.3.2018, lch. 1).

- (17) Ba cheart an nós imeachta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as orduithe baint anuas lena gceanglaítear ar na soláthraithe seirbhísí óstála ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú, ba cheart iad sin a chomhchuiibhiú tar éis do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh orthu. De bharr a thapúla a scaiptear ábhar sceimhlitheoireachta feadh seirbhísí ar líne, ba cheart oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhísí óstála chun a áirithiú go mbainfear anuas an t-ábhar sceimhlitheoireachta a shainaithnítear san ordú baint anuas nó go ndíchumasaítear rochtain ar an ábhar sin i ngach Ballstát laistigh d'uair an chloig i ndiaidh dóibh an t-ordú baint anuas a fháil. Ach amháin, i gcásanna éigeandála a bhfuil údar cuí leo, ba cheart don údarás inniúil faisnéis maidir leis na nósanna imeachta agus na sprioc-amanna is infheidhme a sholáthar don soláthraí seirbhísí óstála 12 uair an chloig ar a laghad roimh ordú baint anuas a eisiúint den chéad uair don soláthraí seirbhísí óstála. Is cás éigeandála a bhfuil údar cuí leis cás as a n-eascródh díobháil thromchúiseach dá mba mhoille ná uair an chloig tar éis fógra a eisiúint faoin ordú baint anuas a bhainfí anuas an t-ábhar nó a dhíchumasófaí an rochtain ar an ábhar sin, amhail i gcásanna ina mbeadh garbhaol do bheatha nó do shláine fhisiciúil duine nó i gcásanna ina léiríonn ábhar den sórt sin imeachtaí leanúnacha a bhfuil dochar do bheatha nó do shláine fhisiciúil duine mar thoradh orthu. Ba cheart don údarás inniúil a chinneadh cé acu an cásanna éigeandála atá i gcásanna agus an bhfuil údar cuí ina chinneadh maidir leis an ordú baint anuas. I gcás nach féidir leis an soláthraí seirbhísí óstála an t-ordú baint anuas a chomhlíonadh laistigh d'uair an chloig ón ordú baint anuas a fháil, ar bhonn *force majeure* nó toisc go bhfuil sé dodhéanta *de facto*, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla a mbeidh údar oibiachtúil leo, ba cheart dó na húdaráis eisiúna inniúla a chur ar an eolas a luaithe is féidir agus, an t-ordú baint anuas a chomhlíonadh, chomh luath agus a réiteofar an cheist.

- (18) Ba cheart a áireamh san ordú baint anuas ráiteas ar chúiseanna lena gcáilítear an t-ábhar atá le baint anuas nó rochtain ar an ábhar atá le díchumasú mar ábhar sceimhlitheoireachta agus ba cheart dóthain faisnéise a chur ar fáil ann chun go bhféadfaí an t-ábhar a aimsiú trí URL beacht a chur in iúl agus, i gcás inar gá, aon fhaisnéis bhreise eile, amhail gabháil scáileáin den ábhar atá i gceist. Leis an ráiteas ar chúiseanna sin, ba cheart ceadú don soláthraí seirbhísí óstála, agus, ar deireadh, don soláthraí ábhair, a gceart chun sásaimh bhreithiúnaigh a fheidhmiú go héifeachtach. Níor cheart nochtadh ar fhaisnéis íogair a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúduithe a bheith i gceist maidir leis na cúiseanna a chuirfead ar fáil.
- (19) Ba cheart don údarás inniúil an t-ordú baint anuas a chur go díreach chuig an bpointe teagmhála arna ainmniú nó arna bhunú ag an tsoláthraí seirbhíse óstála chun críocha an Rialacháin seo trí aon mheán leictreonach ar féidir taifead i scríbhinn a bhunú air agus faoi choinníollacha a ligfidh don soláthraí seirbhísí óstála barántúlacht an ordaithe a bhunú, lena n-áirítear cruinneas an dáta, am a sheolta agus am faighte an ordaithe, amhail trí ríomhphost nó ardáin shlána nó trí bhealaí slána eile, lena n-áirítear bealaí a chuir an soláthraí seirbhísí óstála ar fáil, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart an ceanglas sin a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as, *inter alia*, ríomhsheirbhísí seachadta cáilithe atá cláraithe amhail dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. I gcás ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála i mBallstát nach Ballstát an údaráis inniúla eisiúna é, nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe i mBallstát nach Ballstát an údaráis inniúla eisiúna é, ba cheart cóip den ordú sin a chur ar aghaidh ag an am céanna chuig údarás inniúil an Bhallstáit sin.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- (20) Ba cheart gur féidir le húdarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an soláthraithe seirbhísí óstála nó ina bhfuil a phríomhionadaí dlíthiúil lonnaithe nó bunaithe an t-ordú baint anuas arna eisiúint ag údaráis inniúla ó Bhallstát eile a ghrinnscrúdú chun a chinneadh an sáraíonn sé go tromchúiseach nó go follasach an Rialachán seo nó cearta bunúsacha faoin gCairt. Ba cheart an ceart a bheith ag an soláthraí ábhair agus ag an soláthraí seirbhísí óstála araon a iarraidh go ndéanadh an t-údarás inniúil sa Bhallstát ina bhfuil a phríomhbhunaíocht ag an soláthraí seirbhísí óstála nó ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil ina chónaí nó bunaithe an grinnscrúdú sin. I gcás go ndéantar iarraidh den sórt sin, tá an t-údarás inniúil faoi oibleagáid cinneadh a ghlacadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sárúithe den sórt sin san ordú baint anuas. I gcás ina n-aimseofaí, sa chinneadh sin, sáru den sórt sin, ba cheart go scoirfeadh an t-ordú baint anuas d'éifeachtaí dlíthiúla a bheith aige. Ba cheart an grinnscrúdú a dhéanamh go pras chun a áirithiú go ndéanfar ábhar a baineadh anuas nó a díchumasáíodh go hearraídeach a aischur go gasta.
- (21) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta i gcás ina bhfuil téarmaí agus coinníollacha acu forálacha a áireamh iontu chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid a seirbhísí chun ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar an bpobal. Ba cheart dóibh na forálacha sin a chur i bhfeidhm ar bhealach dícheallach, trédhearcach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.

- (22) I bhfianaise scála na faidhbe agus an luais atá riachtanach chun ábhar sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a bhaint anuas go héifeachtach, is cuid ríthábhachtach den aghaidh a thabhairt ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne iad bearta sonracha éifeachtacha agus comhréireacha. D'fhonn rochtain ar ábhar sceimhlitheoireachta ar a gcuid seirbhísí a laghdú, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta bearta sonracha a chur i bhfeidhm, agus na rioscaí agus leibhéal na neamhchosanta ar an ábhar sceimhlitheoireachta mar aon leis an tionchar ar chearta na dtríú páirtithe agus ar leas an phobail i dtaca le faisnéis á gcur san áireamh acu. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála a chinneadh cad é an beart sonrach, éifeachtach agus comhréireach iomchuí ar cheart a chur i bhfeidhm chun ábhar sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a bhaint anuas. D'fhéadaí a áireamh ar bhearta sonracha bearta iomchuí teicniúla nó oibríochtúla nó acmhainneachtaí amhail foireann nó modhanna teicniúla chun ábhar sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a bhaint anuas go tapa nó chun rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú go tapa, sásraí d'úsáideoirí chun ábhar sceimhlitheoireachta líomhnaithe a thuairisciú nó a chur in iúl, nó aon bhearta eile a mheasann an soláthraí seirbhísí óstála a bheith iomchuí agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht ábhair sceimhlitheoireachta ar a chuid seirbhísí.
- (23) Agus bearta sonracha á gcur i bhfeidhm acu, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála a áirithiú go gcaomhnaítear ceart na n-úsáideoirí chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil chomh maith le saoirse agus iolrachas na meán mar a chosnaítear faoin gCairt. Mar aon le haon cheangal a leagtar síos sa dlí, lena n-áirítear an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí pearsanta, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí óstála gníomhú le dícheall cuí, agus coimircí a chur chun feidhme, lena n-áirítear maoirseacht dhaonna agus fíorú daonna, i gcás inarb iomchuí, le cinneadh earráideach a sheachaint, nó cinneadh neamhbheartaithe, arbh é an toradh a bheadh orthu ábhar nach ábhar sceimhlitheoireachta é a bhaint anuas nó rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú.

- (24) Ba cheart don soláthraí seirbhísí óstála tuairisc a thabhairt don údarás inniúil ar na bearta sonracha atá i bhfeidhm ionas go bhféadfaidh an t-údarás sin a chinneadh an bearta éifeachtacha comhréireacha iad na bearta sin, agus má úsáidtear modhanna uathoibríthe, an bhfuil an acmhainneacht is gá ag an tsoláthraí seirbhísí óstála maoirseacht dhaonna agus fíorú daonna a dhéanamh. Agus éifeachtúlacht agus comhréireacht na mbeart á meas acu, ba cheart d'údaráis inniúla paraiméadair ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear líon na n-orduithe baint anuas a eisíodh chuig an soláthraí seirbhísí óstála, méid agus acmhainn eacnamaíoch an tsoláthraí seirbhísí óstála, agus an tionchar a bhíonn ag na seirbhísí atá acu ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta, mar shampla ar bhonn líon na n-úsáideoirí san Aontas á chur san áireamh, mar aon leis na coimircí a chuirtear i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid a gcuid seirbhísí chun ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar líne.
- (25) I gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil nach leor na bearta sonracha a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí, ba cheart go bhféadfadh sé a cheangal go nglacfaí bearta éifeachtacha agus comhréireacha iomchuí breise sonracha. As an gceangal sin chun na bearta sonracha breise siúd a chur chun feidhme, níor cheart oibleagáid ghinearálta eascairt as sin faireachán nó aimsiú gníomhach fíoras a dhéanamh mar a fhoráiltear dó in Airteagal 15(1) de Threoir 2000/31/CE ná oibleagáid uirlisí uathoibríthe a úsáid. Ba cheart, áfach, go bhféadfadh na soláthraithe seirbhísí óstála uirlisí uathoibríthe a úsáid i gcás ina measfaidh siad go bhfuil sé sin iomchuí agus riachtanach chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar mhí-úsáid a gcuid seirbhísí chun ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh.

- (26) An oibleagáid atá ar na soláthraithe seirbhísí óstála ábhar a baineadh anuas agus sonraí gaolmhara a chaomhnú, is oibleagáid í ba cheart a leagan síos chun críoch sonrath, agus ba cheart í a bheith teoranta don tréimhse ama is gá. Ní mór cur leis an gceanglas caomhnúcháin chun sonraí gaolmhara a chuimsiú, mar murach sin rachadh na sonraí uile sin amú de dheasca bhaint anuas an ábhair sceimlitheorachta atá i gceist. An rud is sonraí gaolmhara ann, is féidir 'sonraí síntiúsóirí' a bheith san áireamh iontu, go háirithe sonraí a bhaineann le céannacht an tsoláthraí ábhair mar aon le 'sonraí rochtana', lena n-áirítear sonraí maidir le dáta agus am úsáide an tsoláthraí ábhair agus na sonraí logáil isteach agus logáil amach ón tseirbhís, mar aon le seoladh IP a shann an soláthraí rochtana idirlín don soláthraí ábhair.

(27) An oibleagáid an t-ábhar a chaomhnú i gcomhair imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh nó imeachtaí leighis riaracháin nó bhreithiúnaigh, is rud riachtanach í agus beidh údar cuí léi d'fhonn a áirithiú go bhfuil leigheasanna éifeachtacha ar fáil don soláthraí ábhair ar baineadh anuas a chuid ábhair nó a ndearnadh an rochtain air a dhíchumasú, agus chun aischur an ábhair sin a áirithiú, ag brath ar thoradh na n-imeachtaí athbhreithnithe sin. An oibleagáid an t-ábhar a chaomhnú chun críoch imscrúdaithe nó ionchúisimh, is rud riachtanach í a bhfuil údar cuí léi i bhfianaise an fhiúntais a d'fhéadfadh a bheith san ábhar chun gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a chur in aimhréidh nó a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur rud é a bhfuil údar cuí leis freisin an t-ábhar sceimhlitheoireachta a baineadh anuas a chaomhnú chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Níor cheart ábhar sceimhlitheoireachta agus na sonraí gaolmhara a stóráil ach ar feadh an tréimhse is gá chun go bhféadfadh na húdaráis forfheidhmithe dlí an t-ábhar sceimhlitheoireachta a sheiceáil agus a chinneadh an bhfuil gá leis chun na gcríoch sin. Chun críocha cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ba cheart an caomhnú sonraí is gá teoranta do shonraí ar dócha nasc a bheith acu le cionta sceimhlitheoireachta, agus a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, rannchuidiú le cionta sceimhlitheoireachta a ionchúiseamh nó rioscaí tromchúiseacha i dtaca le slándáil an phobail a chosc. I gcás ina mbainfidh soláthraithe seirbhísí óstála ábhar anuas nó ina ndíchumasóidh siad rochtain ar ábhar, go háirithe trí na bearta sonracha a dhéanfaidh siad féin, ba cheart dóibh na húdaráis inniúla a chur ar an eolas go pras faoi ábhar ar cuid dó faisnéis as a n-eascróidh garbhaol do bheatha duine nó do chion sceimhlitheoireachta amhrasta.

- (28) Leis an gcomhréireacht a áirithiú, ba cheart teorainn sé mhí a chur leis an tréimhse chaomhnúcháin, rud a thabharfadh dóthain ama do na soláthraithe ábhair na himeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh ábhartha a thosú agus lena chur ar chumas na n-údarás forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí ábhartha chun cionta sceimhlitheoireachta a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Mar sin féin, arna iarraidh sin don údarás inniúil nó don chúirt, ba cheart go bhfeadfaí cibé síneadh is gá a chur leis an tréimhse sin arna iarraidh sin don údarás a dhéanfaidh an t-athbhreithniú i gcás inar tosaíodh na himeachtaí ach nár críochnaíodh iad laistigh den tréimhse sé mhí. Ba cheart dóthain ama a bheith sa tréimhse chaomhnúcháin ionas gur féidir le húdaráis forfheidhmithe an dlí an t-ábhar riachtanach a chaomhnú i dtaca le himscrúduithe agus ionchúisimh, agus an chothromaíocht idir sin agus na cearta bunúsacha á háirithiú acu san am céanna.
- (29) Leis an Rialachán seo, níor cheart go ndéantar difear do na ráthaíochtaí nós imeachta ná do na bearta um nós imeachta imscrúdaithe a bhaineann le rochtain ar ábhar agus ar shonraí gaolmhara a chaomhnaítear chun cionta sceimhlitheoireachta a imscrúdú agus a ionchúiseamh mar a rialaítear i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta.
- (30) Is rud ríthábhachtach trédhearcacht bheartais na soláthraithe seirbhísí óstála i ndáil le hábhar sceimhlitheoireachta ar mhaithe lena gcuid cuntasachta i leith a gcuid úsáideoirí a fheabhsú, agus chun muinín na saoránach sa mhargadh aonair digiteach a dhaingniú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála a rinne gníomhaíocht in aghaidh scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta nó ar ceanglaíodh orthu gníomhaíocht a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo i mbliain féilire ar leith, tuarascálacha trédhearcachta bliantúla a chur ar fáil don phobal, ina mbeidh faisnéis faoin ngníomhaíocht a rinneadh chun ábhar sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a bhaint anuas.

- (31) Ba cheart do na húdaráis inniúla tuarascálacha trédhearcachta a fhoilsiú ina mbeadh faisnéis faoi líon na n-orduithe baint anuas, líon na gcásanna nár cuireadh ordú i gcrích, líon na gcinntí a bhaineann le bearta sonracha, líon na gcásanna atá faoi réir imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus líon na gcinntí lena bhforchuirtear pionóis.
- (32) An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, is rud é a chumhdaítear in Airteagal 19 de Chonradh an Aontas Eorpaigh (CAE), agus in Airteagal 47 den Chairt. Tá ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach chun leigheas éifeachtach a fháil i láthair cúirt náisiúnta inniúil in aghaidh aon cheann de na bearta a glacadh de bhun an Rialacháin seo, lena bhféadfaí dochar a dhéanamh do chearta an duine sin. Ba cheart go n-áireofaí leis an gceart seo go háirithe deis a bheith ag na soláthraithe seirbhísí óstála agus na soláthraithe ábhair agóid a dhéanamh ar na horduithe baint anuas nó ar aon chinntí a eascraíonn as orduithe baint anuas a ghrinnscrúdú faoin Rialachán seo go héifeachtach sular ndearna cúirt de chuid Ballstáit arb iad a údarás inniúil féin a d'eisigh an t-ordú baint anuas an cinneadh faoi seach, mar aon leis an deis a bheith ag soláthraithe seirbhísí óstála agóid a dhéanamh ar chinneadh faoi bhearta nó pionóis shonracha go héifeachtach os comhair cúirt de chuid Ballstáit arb é a údarás inniúil a rinne an cinneadh sin.

- (33) Na nósanna imeachta maidir le gearáin, is coimirce riachtanach atá iontu in aghaidh ábhar ar líne a bhaint anuas go hearráideach nó rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú, i gcás ina ndéantar ábhar den sórt sin a chosaint tríd an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. Dá bhrí sin, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí óstála sásraí soláimhsithe gearáin a chur ar bun lena n-áiritheofar go ndéileálfar le gearáin gan mhoill agus le trédhearcacht iomlán i leith an tsoláthraí ábhair. An ceanglas atá ar an soláthraí seirbhísí óstála chun ábhar a baineadh anuas nó a díchumasáíodh rochtain ar an ábhar sin trí dhearmad é a aiscur, is ceanglas é nár cheart difear a dhéanamh don deis atá ag na soláthraithe seirbhísí óstála a gcuid téarmaí agus coinníollacha féin a chur i bhfeidhm ar fhorais eile.
- (34) Éilítear le cosaint dlí éifeachtach, i gcomhréir le hAirteagal 19 CAE agus Airteagal 47 den Chairt, gur féidir le soláthraithe ábhair dearbhú a fháil ar na cúiseanna a bhí ann leis an ábhar a d'uaslódáil siad féin a bhaint anuas nó le rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú. Chun na críche sin, ba cheart don soláthraí seirbhísí óstála faisnéis a bhfuil fiúntas inti a chur ar fáil don soláthraí ábhair, faisnéis maidir le hagóid a dhéanamh ar an mbaint anuas nó ar an díchumasú. De réir mar atá na himthosca, d'fhéadfadh na soláthraithe seirbhísí óstála teachtaireacht a chur in ionad ábhar a baineadh anuas nó a rinneadh rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú, teachtaireacht ina léirítear gur baineadh an t-ábhar sin anuas nó go ndearnadh rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart tuilleadh faisnéise faoi na cúiseanna maidir leis an mbaint anuas agus leis an díchumasú, mar aon le faisnéis faoi na leighseanna maidir leis an mbaint anuas agus an díchumasú a chur ar fáil arna iarraidh sin ag an soláthraí ábhair. I gcás inarb é cinneadh a dhéanfaidh na húdaráis inniúla, ar chúiseanna a bhaineann le slándáil phoiblí, i gcomhthéacs imscrúdaithe i measc rudaí eile, gur rud míchuí fritorthúil a bheadh ann scéal a chur go díreach chuig an soláthraí ábhair maidir le baint anuas an ábhair nó é a dhíchumasú, ba cheart dóibh an soláthraí seirbhísí óstála a chur ar an eolas dá réir sin.

(35) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú. Níor cheart gur gá, leis sin, go dtabharfaí le fios údarás nua a bhunú agus ba cheart gur féidir comhlacht atá ann cheana a chur ar iontaibh leis na feidhmeanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Leis an Rialachán seo, ba cheart go n-éilítear údaráis a ainmniú, údaráis a bheadh inniúil ar orduithe baint anuas a eisiúint, ar orduithe baint anuas a ghrinnscrúdú agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar bhearta sonracha le pionóis a ghearradh agus ba cheart, ag an am céanna, gur féidir le gach Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir le líon n n-údarás inniúil a bheith ainmnithe agus an údaráis riaracháin, údaráis forfheidhmithe dlí nó údaráis bhreithiúnacha a bheidh iontu. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh na húdaráis inniúla a gcúraimí ar bhealach oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach agus nach lorgóidh siad ná nach nglacfaidh siad teoracha ó aon chomhlacht eile maidir le feidhmiú na gcúraimí a shanntar dóibh faoin Rialachán seo. Níor cheart go gcuirfí cosc leis sin ar mhaoirseacht i gcomhréir leis an dlí bunreachtúil náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit na húdaráis inniúla a ainmnítear faoin Rialachán seo a chur in iúl don Choimisiún agus ba cheart don Choimisiún clár ina liostaítear na húdaráis inniúla ar líne. Ba cheart é a bheith éasca rochtain a fháil ar an gclár ar líne chun fíorú pras a éascú do sholáthraithe seirbhísí óstála maidir le barántúlacht na n-orduithe baint anuas.

- (36) Chun dúbailt iarrachta a sheachaint agus chun nach mbeifear ag cur isteach ar na himscrúduithe agus chun an t-ualach ar na soláthraithe seirbhísí óstála lena mbaineann a íoslaghdú, ba cheart do na húdaráis inniúla faisnéis a mhalartú, comhordú agus comhoibriú a dhéanamh le chéile, agus i gcás inarb iomchuí le Europol, sula n-eiseoidh siad orduithe baint anuas chuig soláthraithe seirbhísí óstála. Agus cinneadh á dhéanamh aige ar cheart ordú baint anuas a eisiúint nó nár cheart, ba cheart don údarás inniúil aird chuí a thabhairt d'aon fhógra a bhaineann le cur isteach ar leasanna imscrúdaitheacha (díchoinbhleachtú). I gcás ina gcuireann údarás inniúil i mBallstát amháin údarás inniúil i mBallstát eile ar an eolas maidir le hordú baint anuas atá ann cheana féin, níor cheart dó ordú baint anuas a bhaineann leis an ábhar céanna a eisiúint. Le linn do Europol a bheith ag cur na bhforálacha seo chun feidhme, d'fhéadfadh sé tacaíocht a chur ar fáil i gcomhréir leis an sainordú reatha atá aige agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann.
- (37) Chun a áirithiú go gcuirfidh siad bearta sonracha, arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí óstála, chun feidhme ar bhonn atá éifeachtach agus comhleanúnach go leor, ba cheart d'údaráis inniúla sna Ballstáit comhordú agus comhoibriú a dhéanamh le chéile maidir leis na malartaithe a dhéanann siad le soláthraithe seirbhísí óstála i dtaca le horduithe baint anuas agus le sainathint, cur chun feidhme agus measúnú a dhéanamh ar bhearta sonracha. Chomh maith leis sin, teastaíonn comhordú agus comhar den sórt sin maidir le beartais eile chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear i ndáil le glacadh na rialacha maidir le pionóis agus maidir le forfheidhmiú na bpionós. Ba cheart don Choimisiún comhordú agus comhar den sórt sin a éascú.

- (38) Is ríthábhachtach an rud é go ndéanfar an t-údarás inniúil atá freagrach as pionóis a ghearradh laistigh den Bhallstát a chur ar an eolas go hiomlán faoi eisiúint orduithe baint anuas agus faoi mhalartuithe ina dhiaidh sin idir an soláthraí seirbhísí óstála agus na húdaráis inniúla ábhartha i mBallstáit eile. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh bealaí cumarsáide agus sásraí iomchuí agus slána ann a fhágfaidh gur féidir faisnéis a roinnt go tráthúil.
- (39) Le malartú pras idir na húdaráis inniúla a éascú, agus leis na soláthraithe seirbhísí óstála chomh maith, agus leis an dúbailt díchill a sheachaint, ba cheart na Ballstáit a mholadh úsáid a bhaint as na huirlisí tiomnaithe atá tugtha chun cinn ag Europol, mar an feidhmchlár reatha Bainistíocht na dTarchur Idirlín, nó uirlisí comharba.

(40) Tá sé léirithe gur modh éifeachtach agus pras é tarchuir ó na Ballstáit agus ó Europol chun feasacht na soláthraithe seirbhísí óstála ar ábhar sonracha atá ar fáil trína gcuid seirbhísí a mhéadú agus chun a chur ar a gcumas gníomhú go tapa. Le tarchuir den sórt sin, ar sásra iad lena gcuirtear na soláthraithe seirbhísí óstála san airdeall ar fhaisnéis a bhféadfaí a mheas gur ábhar sceimhlitheoireachta í, rud a bhféadfaidh an soláthraí a mhachnamh a dhéanamh air dá dheoin féin maidir le comhoiriúnacht an ábhair sin lena chuid téarmaí agus coinníollacha féin, is sásra é ar cheart fáil a bheith air i ndiaidh báire, mar aon leis na horduithe baint anuas. An cinneadh deiridh maidir le baint anuas an ábhair de bharr gan é a bheith neamhchomhoiriúnach lena gcuid téarmaí agus coinníollacha, is faoin soláthraí seirbhísí óstála an cinneadh sin a dhéanamh. Leis an Rialachán seo, níor cheart aon difear a dhéanamh do shainordú Europol mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/7941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Dá bhrí sin, níor cheart a thuiscint ó aon ní sa Rialachán seo go gcuirfeadh bac ar na Ballstát agus ar Europol tarchuir a úsáid mar ionstraim chun aghaidh a thabhairt ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne.

¹ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

- (41) Ó tharla sliocht thar a bheith tromchúiseach a bheith ar chuid den ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála údaráis inniúla sa Bhallstát lena mbaineann nó údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe nó ina bhfuil ionadaí dlíthiúil acu, a chur ar an eolas gan mhoill faoi ábhar ina bhfuil fianaise arb é garbhaol ar bheatha nó cion amhrasta sceimhlitheoireachta a eascraíonn aisti nó is toradh uirthi. Chun an chomhréireacht a áirithiú ba cheart an oibleagáid sin a bheith teoranta do chionta sceimhlitheoireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 iad. An oibleagáid seo chun eolas a roinnt, níor cheart gurb ionann í agus a rá go bhfuil sé d'oibleagáid ar na soláthraithe seirbhísí óstála fianaise den garbhaol ar bheatha nó cion amhrasta sceimhlitheoireachta a chuardach go gníomhach. An Ballstát lena mbaineann, ba cheart é a thuiscint mar an Ballstát a bhfuil dlínse aige ar imscrúdú agus ar ionchúiseamh na gcionta sceimhlitheoireachta ar bhonn náisiúntacht an chiontóra nó íospartach ionchasach an chiona, nó an áit is sprioc don ghníomh sceimhlitheoireachta. I gcás amhrais de, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí óstála an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig Europol, agus ba cheart do Europol an ghníomhaíocht iardain ábhartha a sholáthair i gcomhréir lena shainordú dóibh, lena n-áirítear an fhaisnéis sin a chur chuig na húdaráis náisiúnta ábhartha. Ba cheart cead a bheith ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit faisnéis den sórt sin a úsáid chun bearta imscrúdaithe atá ar fáil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta a dhéanamh.

- (42) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála pointí teagmhála a ainmniú nó a bhunú chun láimhseáil thapa ar orduithe baint anuas a éascú. Níor cheart don phointe teagmhála a fheidhmiú ach ar mhaithe le cúrsaí oibríochtúla. Is éard ba cheart a bheith sa phointe teagmhála an tsoláthraí seirbhísí óstála, aon mheán tiomnaithe, inmheánach nó seachfhoinsithe, trínar féidir orduithe baint anuas a chur isteach go leictreonach nó meáin phearsanta trínar féidir na horduithe sin a phróiseáil go tapa. Ní gá don phointe teagmhála a bheith lonnaithe san Aontas. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart an saoirse a bheith ag an soláthraí seirbhísí óstála pointe teagmhála atá ann cheana a úsáid, ar choinníoll gur féidir leis an bpointe teagmhála na feidhmeanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chomhlíonadh. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas nó go ndéanfar rochtain air a dhíchumasú laistigh d'uair an chloig tar éis ordú baint anuas a fháil, ba cheart go mbeadh teacht ar phointí teagmhála na soláthraithe seirbhísí óstála, a nochtadh don ábhar sceimhlitheoireachta, tráth ar bith. Mar chuid den fhaisnéis ba cheart a bheith ar an bpointe teagmhála, tá faisnéis faoin teanga is féidir a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis. Le héascaíocht a chur sa chumarsáid idir na soláthraithe seirbhísí óstála agus na húdaráis inniúla, moltar do na soláthraithe seirbhísí óstála cumarsáid a dhéanamh i gceann de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais a bhfuil a gcuid téarmaí agus coinníollacha féin ar fáil inti.

- (43) Nuair nach ann do cheanglas ginearálta do na soláthraithe seirbhísí óstála chun a áirithiú go mbeidh siad i láthair go fisiciúil laistigh de limistéar an Aontais, is gá soiléire a áirithiú i dtaca le dlínse an Bhallstáit faoina dtagann an soláthraí seirbhísí óstála a thairgeann seirbhísí laistigh den Aontas. Mar riail ghinearálta, is faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht a thagann an soláthraí seirbhísí óstála, nó faoi dhlínse an Bhallstáit ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe. Ba cheart sin a bheith gan dochar do na rialacha maidir le hinniúlacht arna mbunú chun críche orduithe baint anuas agus cinntí a eascróidh as grinnscrúdú orduithe baint anuas faoin Rialachán seo. Maidir le soláthraí seirbhísí óstála nach bhfuil aon bhunaíocht san Aontas aige agus nach n-ainmníonn ionadaí dlíthiúil, ba cheart, in ainneoin sin, dlínse a bheith ag aon Bhallstát agus dá bhrí sin, ba cheart don Bhallstát a bheith in ann pionóis a fhorchur, ar choinníoll go n-urramaítear an prionsabal *ne bis in idem*.
- (44) Soláthraithe seirbhísí óstála nach bhfuil bunaithe san Aontas, ba cheart dóibh ionadaí dlíthiúil a ainmniú i scríbhinn chun comhlíonadh agus cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a áirithiú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse óstála a bheith in ann, chun críocha an Rialacháin seo, ionadaí dlíthiúil atá ainmnithe chun críoch eile acu cheana a úsáid, ar choinníoll go bhfuil an t-ionadaí in ann na feidhmeanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart é a bheith de chumhacht ag an ionadaí dlíthiúil gníomhú thar ceann an tsoláthraí seirbhísí óstála.

(45) Tá gá le pionóis lena áirithiú go gcuirfidh na soláthraithe seirbhísí óstála an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach. Ba cheart do na Ballstáit rialacha a ghlacadh i dtaca le pionóis, ar féidir leo a bheith de chineál riaracháin nó de chineál coiriúil, agus i gcás inarb iomchuí treoirlínte fineála. D'fhéadfaí neamhchomhlíonadh a bheith faoi réir pionóis i gcásanna ar leith ach an prionsabal *ne bis in idem* agus prionsabal na comhréireachta a urramú, agus a áirithiú go gcuirfear pionós den sort sin teip chórasach san áireamh. D'fhéadfadh pionós a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear rabhaidh fhoirmiúla i gcás mionsáruithe nó pionóis airgeadais i ndáil le sáruithe níos déine nó níos córasaí. Má theipeann ar an soláthraí seirbhísí óstála go córasach nó arís agus arís eile ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas nó rochtain ar an ábhar a dhíchumasú laistigh d'uair an chloig ó ordú baint anuas a fháil, ba cheart pionóis thar a bheith géar a ghearradh air dá bharr. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart a leagan amach sa Rialachán seo na sáruithe sin atá faoi réir pionós agus na cúinsí sin atá ábhartha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chineál agus leibhéal na bpionós sin. Agus cinneadh á dhéanamh an ngearrfar pionóis airgeadais nó nach ngearrfar, ba cheart an aird chuí a thabhairt ar acmhainní airgeadais an tsoláthraí seirbhísí óstála. Ina theannta sin, ba cheart don údarás inniúil a chur san áireamh an gnólacht nuathionscanta nó micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide é mar a shainmhínítear i Moladh ón gCoimisiún 2003/361/CE¹ an tsoláthraí seirbhísí óstála. Ba cheart imthosca breise a chur san áireamh freisin, amhail an raibh iompar an tsoláthraí seirbhísí óstála neamhstuama nó incháinte go hoibiachtúil nó an ndearnadh an sárú go faillíoch nó d'aon ghnó. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh gríosú sna pionóis a ghearrfar maidir le sárú ar an Rialachán seo chun ábhar a bhaint anuas nach ábhar sceimhlitheoireachta é.

¹ Moladh ón gCoimisiún 2003/361/CE an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

- (46) Úsáid na dteimpléad caighdeánaithe, is éascaíocht í don chomhoibriú agus don mhalartú faisnéise idir údaráis inniúla agus soláthraithe seirbhísí óstála, agus cuireann sí ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh ar bhealach níos gasta agus níos éifeachtaí. Tá tábhacht ar leith ag baint le gníomh a dhéanamh go gasta ach a mbeidh ordú baint anuas faighte. A bhúí le teimpléid, tagtar laghdú ar na costais aistriúcháin agus cuirtear le caighdeán an phróiseis. Ar an dul céanna, ba cheart malartú caighdeánaithe faisnéise a bheith le baint as teimpléid aiseolais, agus beidh tábhacht ar leith leis sin i gcás nach féidir leis na soláthraithe seirbhísí orduithe baint anuas a chomhlíonadh. Bealaí fíordheimhnithe leis an ordú baint anuas a chur isteach, is bealaí iad lena féidir barántúlacht an ordaithe baint anuas a ráthú, lena n-áirítear cruinneas an dáta, tráth seolta an orduithe, agus tráth a ghlactha.

- (47) Chun gur féidir ábhar na dteimpléad a leasú go pras, i gcás inar gá, is é sin na teimpléid atá le húsáid chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Ionas gur féidir leis an gCoimisiún forbairt na teicneolaíochta agus forbairt an chreata dhlíthiúil ghaolmhair a chur san áireamh, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, rud a fhorlíonfaidh an Rialachán seo le ceanglais theicniúla maidir leis na modhanna leictreonacha atá le húsáid ag na húdaráis inniúla chun orduithe baint anuas a chur ar aghaidh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéantar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (48) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a bhailiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leas a bhaint as na tuarascálacha trédhearcachta ó na soláthraithe seirbhísí óstála agus iad a chomhlánú, i gcás inar gá, le faisnéis níos mionsonraithe, amhail a gcuid tuarascálacha trédhearcachta féin de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart clár mionsonraithe a bhunú le faireachán a dhéanamh ar an aschur, ar na torthaí, agus ar an tionchar a bheidh ag an Rialachán seo ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (49) Ba cheart don Choimisiún, bunaithe ar chinntí agus ar chonclúidí na tuarascála ar an gcur chun feidhme agus ar an toradh atá ar an obair faireacháin, meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo laistigh de 3 bhliain ó dháta a teacht i bhfeidhm. Is ar chritéir na héifeachtúlachta, an riachtanais, na héifeachtachta, na comhréireachta, na hábharthachta, an chomhleanúnachais agus an bhreisluacha Aontais, ba cheart an mheastóireacht a bhunú. Na bearta éagsúla oibríochtúla agus teicniúla dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is é feidhmiú na mbeart sin ba cheart a dhéanfar a mheas sa mheastóireacht, lena n-áirítear éifeachtacht na mbeart chun feabhas a chur ar bhrath, ar shainaitheint, agus ar bhaint anuas ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, agus ar éifeachtacht na sásraí coimirce, mar aon leis an tionchar ar chearta bunúsacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, amhail an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán, an tsaoirse chun gnó a riar agus na cearta chun saoil phríobháidigh agus cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar ar leasanna tríú páirtithe a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.
- (50) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair dhitigigh a áirithiú trí aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, ach gur fearr, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

ROINN I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha aonfhoirmeacha chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid seirbhísí óstála le haghaidh scaipeadh ábhar sceimhlitheoireachta ar líne ar an bpobal, go háirithe rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) dualgais chúraim réasúnta chomhréireacha atá le cur i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí óstála chun aghaidh a thabhairt ar ábhair sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar an bpobal trí mheán a seirbhísí agus chun a áirithiú, i gcás inar gá, go ndéanfar ábhar den sórt sin a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú go pras;
 - (b) na bearta atá le cur i bhfeidhm ag Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais agus faoi réir coimircí oiriúnacha chun cearta bunúsacha, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil i sochaí oscailte dhaonlathach, a chosaint, chun:
 - (i) ábhar sceimhlitheoireachta a shainnithint, agus a áirithiú go ndéantar an t-ábhar sin a bhaint anuas go pras ag soláthraithe seirbhísí óstála; agus
 - (ii) éascaíocht a dhéanamh maidir leis an gcomhar idir údaráis inniúla na mBallstát, soláthraithe seirbhísí óstála agus, i gcás inarb iomchuí, le Europol.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na soláthraithe seirbhísí óstála a thairgeann seirbhísí san Aontas, gan beann ar a bpríomhbhunaíocht, a mhéid a scaipeann siad faisnéis ar an bpobal.
3. Ábhar a scaiptear ar an bpobal chun críoch oideachais, iriseoireachta, ealaíne nó taighde nó chun críocha sceimhlitheoireacht a chosc nó a chomhrac, lena n-áirítear ábhar arb ionann é agus tuairimí poileimiciúla nó conspóideacha a léiriú le linn díospóireacht phoiblí, ní mheasfar gur ábhar sceimhlitheoireachta é. Cinnfear le measúnú an fíorchuspóir a bhaineann leis an scaipeadh sin agus an amhlaidh go scaiptear é ar an bpobal chun na gcríoch sin.
4. Ní bheidh sé d'éifeacht ag an Rialachán seo go modhnófar an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a urramú dá dtagraítear in Airteagal 6 CAE agus beidh feidhm aige gan dochar do na bunphrionsabail a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán.
5. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo dochar do Threoracha 2000/31/CE ná 2010/13/AE. I gcás seirbhísí meán closamhairc mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(1) de Threoir 2010/13/AE, beidh forlámhas ag Treoir 2010/13/AE.

Airteagal 2
Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí óstála’ soláthraí a sholáthraíonn seirbhísí mar a shainmhínítear i bpointe (b) d’Airteagal 1 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, arb é atá iontu stóráil na faisnéise arna soláthar ag an soláthraí ábhair arna iarraidh sin do sholáthraí ábhair;
- (2) ciallaíonn ‘soláthraí ábhair’ úsáideoir a sholáthair faisnéis atá á stóráil, nó a bhí á stóráil, agus arna scaipeadh ar an bpobal ag soláthraí seirbhísí óstála;
- (3) ciallaíonn ‘scaipeadh ar an bpobal’ faisnéis a chur ar fáil, arna iarraidh sin do sholáthraí ábhair, chuig líon daoine a d’fhéadfadh a bheith neamhtheoranta;
- (4) ciallaíonn ‘seirbhísí a thairiscint san Aontas’ a chur ar chumas daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha i mBallstát amháin nó níos mó úsáid a bhaint as seirbhísí soláthraí seirbhísí óstála ag a bhfuil nasc substaintiúil leis an mBallstát nó leis na Ballstáit sin;

¹ Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta d’fhonn faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

- (5) ciallaíonn ‘nasc substaintiúil’ an nasc atá ag soláthraí seirbhíse óstála le Ballstát amháin nó níos mó, nasc a thagann as a bhunaíocht san Aontas nó as critéir shonracha fhíorasacha, amhail:
- (a) líon suntasach úsáideoirí dá sheirbhísí i mBallstát amháin nó níos mó a bheith aige; nó
 - (b) é a bheith ag díriú a ghníomhaíochtaí i ar Bhallstát amháin nó níos mó.
- (6) ciallaíonn ‘cionta sceimhlitheoireachta’ cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541;
- (7) ciallaíonn ‘ábhar sceimhlitheoireachta’ ceann amháin nó níos mó de na cineálacha ábhair seo a leanas, eadhon, ábhar ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist leis:
- (a) ábhar lena ndéantar ceann amháin de na cionta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 a ghríosú, i gcás ina ndéanfaidh ábhar den sórt sin, go díreach nó go hindíreach, amhail trí ghníomhartha sceimhlitheoireachta a mhóradh, déanamh cionta sceimhlitheoireachta a mholadh, ar dhóigh is cúis le baol go ndéanfaí ceann amháin nó níos mó de chionta den sórt sin;
 - (b) ábhar lena n-iarrtar ar dhuine nó ar ghrúpa daoine chun ceann amháin de na cionta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 a dhéanamh nó chun rannchuidiú leo sin a dhéanamh;

- (c) ábhar lena n-iarrtar ar dhuine nó ar ghrúpa daoine chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa sceimhlitheoireachta, de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2017/541;
 - (d) ábhar lena ndéantar teagasc a chur ar fáil maidir le pléascáin, airm thine nó armáin eile nó substaintí guaiseacha nó díobhálacha a dhéanamh agus a úsáid, nó maidir le modhanna agus teicnící sonracha eile chun ceann de na cionta sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 a dhéanamh nó rannchuidiú leo sin a dhéanamh;
 - (e) ábhar atá ina bhagairt chun ceann amháin de na cionta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 a dhéanamh;
- (8) ciallaíonn 'téarmaí agus coinníollacha' na téarmaí, na coinníollacha agus na clásail uile, gan beann ar a n-ainm nó ar a bhfoirm, lena rialaítear an caidreamh conarthach idir an tsoláthraí seirbhísí óstála agus a úsáideoirí;
- (9) ciallaíonn 'príomhbhunaíocht' ceannoifig nó oifig chláraithe an tsoláthraí seirbhísí óstála ina ndéantar na príomhfheidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil a fheidhmiú.

ROINN II
BEARTA CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR SCAIPEADH
ÁBHAIR SCEIMHLITHEOIREACHTA AR LÍNE

Airteagal 3
Orduithe baint anuas

Beidh sé de chumhacht ag údarás inniúil gach Ballstát ordú baint anuas a eisiúint lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí óstála ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú i ngach Ballstát.

2. I gcás nach bhfuil údarás inniúil ábhartha tar éis ordú baint anuas a eisiúint chuig soláthraí seirbhísí óstála roimhe sin, soláthróidh sé faisnéis don soláthraí seirbhísí óstála sin, faisnéis faoi na nósanna imeachta agus sprioc-amanna is infheidhme, 12 uair a chloig ar a laghad sula n-eiseofar an t-ordú baint anuas.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír seachas i gcásanna éigeandála a bhfuil údar cuí leo.

3. Bainfidh na soláthraithe seirbhísí óstála ábhar sceimhlitheoireachta anuas nó déanfaidh siad rochtain air a dhíchumasú i ngach Ballstát a luaithe is féidir agus, ar aon chuma, laistigh d'uair an chloig ón tráth a gheofar an ordú baint anuas.

4. Eiseoidh údaráis inniúla orduithe baint anuas lena n-úsáidtear an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh na heilimintí seo a leanas in orduithe baint anuas:
- (a) sonraí aitheantais an údaráis inniúil a bhfuil an t-ordú baint anuas á eisiúint aige agus fiordheimhniú an ordaithe baint anuas arna dhéanamh ag an údarás inniúil sin;
 - (b) ráiteas mionsonraithe go leordhóthanach ar chúiseanna ina mínítear an fáth a meastar gur ábhar sceimhlitheoireachta é an t-ábhar, agus tagairt don chineál ábhair sceimhlitheoireachta ábhartha dá dtagraítear i bpointe (7) d'Airteagal 2;
 - (c) aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne (URL) beacht agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise lena bhféadfar an t-ábhar sceimhlitheoireachta a shainathint;
 - (d) tagairt don Rialachán seo mar bhunús dlí an ordaithe baint anuas;
 - (e) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú ón údarás inniúil a bhfuil an t-ordú baint anuas á eisiúint aige;
 - (f) faisnéis shothuigthe maidir leis an sásamh atá ar fáil don soláthraí seirbhísí óstála agus don soláthraí ábhair, lena n-áirítear faisnéis faoi shásamh leis an údarás inniúil, le dul ar iontaoibh cúirte agus leis na sprioc-amanna achomhairc freisin;

(g) i gcás inar gá agus inar comhréireach, an cinneadh gan faisnéis a nochtadh faoi ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú i gcomhréir le hAirteagal 11(3).

5. Is ar phríomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ar a ionadaí dlíthiúil arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 17 a dhíreoidh an t-údarás inniúil an t-ordú baint anuas.

Déanfaidh an t-údarás inniúil an t-ordú baint anuas a tharchur chuig an pointe teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 15(1) go leictreonach ar bhealach lena bhféadfar taifead i scríbhinn a tháirgeadh de shórt a fhágann gur féidir fíordheimhniú an tseoltóra a shuí, lena n-áirítear cruinneas dháta agus am seolta agus fála an ordaithe.

6. Cuirfidh an soláthraí seirbhísí óstála, gan moill mhíchuí, an t-údarás inniúil ar an eolas, agus úsáid á bhaint aige as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II, go ndearnadh an t-ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú i ngach Ballstát, agus léireoidh sé, go háirithe, an t-am a rinneadh an baint anuas nó an díchumasú sin.

7. Mura féidir leis an soláthraí seirbhísí óstála an t-ordú baint anuas a chomhlíonadh ar fhorais *force majeure* nó toisc go bhfuil sé dodhéanta *de facto* agus nach féidir sin a leagan ar an soláthraí seirbhísí óstála féin, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla a mbeidh údar leo, cuirfidh sé, gan moill mhíchuí, an t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú baint anuas, ar an eolas faoi na forais sin, agus úsáid á bhaint aige as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Beidh feidhm ag an sprioc-am a leagtar amach i mír 3 a luaithe nach ann a thuilleadh do forais dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

8. Mura féidir leis an soláthraí seirbhísí óstála an t-ordú baint anuas a chomhlíonadh toisc go bhfuil earráidí follasacha san ordú baint anuas nó nach bhfuil leordhóthain faisnéise ann chun an t-ordú a chur i gcrích, cuirfidh sé an t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú baint anuas ar an eolas faoi gan moill mhíchuí, agus iarrfaidh sé air an soiléiriú is gá a thabhairt, ag baint úsáid as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Beidh feidhm ag an sprioc-am a leagtar amach i mír 3 a luaithe a fhaigheann an soláthraí seirbhísí óstála an soiléiriú is gá.

9. Beidh ordú baint anuas críochnaitheach ar dhul in éag an sprioc-ama le haghaidh achomhairc i gcás nár cuireadh achomhairc isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó i gcás ina ndaingneofar é tar éis achomhairc.

Nuair a bheidh an t-ordú baint anuas críochnaitheach, déanfaidh an t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú baint anuas údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 12(1), a chur ar an eolas faoin méid sin.

Airteagal 4

Nós imeachta maidir le horduithe baint anuas trasteorann

1. De bhun Airteagal 3, i gcás nach bhfuil príomhbhunaíocht nó ionadaí dlíthiúil an tsoláthraí seirbhísí óstála i mBallstát an údaráis inniúla eisiúna a d'eisigh an t-ordú baint anuas, déanfaidh an t-údarás inniúil eisiúna, an tráth céanna, cóip den ordú baint anuas a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe.
2. I gcás ina bhfaighidh soláthraí seirbhísí óstála ordú baint anuas dá dtagraítear san Airteagal seo, déanfaidh sé na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 3 agus déanfaidh sé na bearta is gá chun go mbeidh sé in ann an t-ábhar i dtrácht a aiscur, nó rochtain air a athbhunú, i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo.
3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe, ar a thionscnamh féin, laistigh de 72 uair an chloig tar éis dó an chóip den ordú baint anuas a fháil i gcomhréir le mír 1, grinnscrúdú a dhéanamh ar an ordú baint anuas chun a chinneadh an sáraíonn sé an Rialachán seo go mór nó go follasach nó an bhfuil aon sárúithe tromchúiseacha nó follasacha ar na cearta bunúsacha agus ar na saoirsí bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt i gceist leis.

I gcás ina gcinnfidh sé go bhfuil sárú ann, glacfaidh sé cinneadh réasúnaithe chuige sin laistigh den tréimhse chéanna.

4. Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe ábhair, laistigh de 48 uair an chloig ó ordú baint anuas nó faisnéis a fháil de bhun Airteagal 11(2), iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht ag an soláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe chun grinnscrúdú a dhéanamh ar an ordú baint anuas amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo.

Déanfaidh an t-údarás inniúil, laistigh de 72 uair an chloig tar éis dó an iarraidh a fháil, cinneadh réasúnaithe a ghlacadh, tar éis do grinnscrúdú a dhéanamh ar an ordú baint anuas, ina leagfar amach a chinntí i dtaobh an bhfuil sárú ann nó nach bhfuil.

5. Sula nglacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh de bhun an dara fomhír de mhír 3 nó cinneadh lena léirítear gurb ann do shárú de bhun an dara fomhír de mhír 4, cuirfidh sé an t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú baint anuas ar an eolas faoin rún atá aige an cinneadh a ghlacadh agus na cúiseanna atá aige déanamh amhlaidh.

6. I gcás ina ndéanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe cinneadh réasúnaithe a ghlacadh i gcomhréir le mír 3 nó 4 den Airteagal seo, cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl gan mhoill don údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú baint anuas, don soláthraí seirbhísí óstála, don soláthraí ábhair a d'iarr an grinnscrúdú de bhun mhír 4 den Airteagal seo agus, i gcomhréir le hAirteagal 14, do Europol. I gcás ina léirítear leis an gcinneadh sárú de bhun mhíreanna 3 nó 4 den Airteagal seo, scoirfidh an t-ordú baint anuas d'éifeachtaí dlíthiúla a bheith aige.
7. Tar éis don soláthraí seirbhísí óstála cinneadh a fháil ina léirítear sárú a cuireadh in iúl i gcomhréir le mír 6, déanfaidh an soláthraí seirbhísí óstála lena mbaineann an t-ábhar a aiscur láithreach, nó rochtain air a athbhunú, gan dochar don deis a théarmaí agus coinníollacha a fhorfheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 5

Bearta sonracha

1. Déanfaidh soláthraí seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i mír 4 a áireamh, i gcás inarb infheidhme, ina gcuid téarmaí agus coinníollacha forálacha chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid a sheirbhísí chun ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar an bpobal.

Déanfaidh sé an méid sin ar bhealach dícheallach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus aird chuí á tabhairt i ngach imthoisc ar chearta bunúsacha na n-úsáideoirí agus ag cur san áireamh, go háirithe, tábhacht bhunúsach na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil i sochaí oscailte dhaonlathach, d'fhonn go seachnófar ábhar a bhaint anuas nach ábhar sceimhlitheoireachta é.

2. Soláthraí seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta, dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh sé bearta sonracha chun a sheirbhísí a chosaint ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar an bpobal.

Is faoin soláthraí seirbhísí óstála a bheidh sé an cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta sonracha a roghnú. Ar na bearta den sórt sin, féadfar ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a áireamh:

- (a) bearta nó acmhainneachtaí teicniúla agus oibríochtúla iomchuí amhail an fhoireann iomchuí nó modhanna teicniúla chun ábhar sceimhlitheoireachta a shainaitheint agus a bhaint anuas go tapa nó chun rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú;
- (b) sásraí soláimhsithe so-úsáidte chun ábhar sceimhlitheoireachta a líomhnaítear a thuairisciú nó a mharcáil don soláthraí seirbhísí óstála;
- (c) aon sásraí eile chun feasacht ar ábhar sceimhlitheoireachta a mhéadú maidir lena sheirbhísí amhail sásraí chun modhnóireacht a dhéanamh ar úsáideoirí;
- (d) aon bheart eile a mheasann an soláthraí seirbhísí óstála a bheith iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar ábhar sceimhlitheoireachta a bheith ar fáil ar a sheirbhísí.

3. Comhlíonfaidh bearta sonracha na ceanglais uile seo a leanas:

- (a) beidh siad éifeachtach chun leibhéal neamhchosanta sheirbhísí an tsoláthraí seirbhísí óstála ar ábhar sceimhlitheoireachta a mhaolú;
- (b) beidh siad spriocdhírthe agus comhréireach, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar a thromchúisí atá leibhéal neamhchosanta sheirbhísí an tsoláthraí seirbhísí d'ábhar sceimhlitheoireachta mar aon le cumais theicniúla agus oibríochtúla, neart airgeadais, líon úsáideoirí sheirbhísí an tsoláthraí seirbhísí óstála agus an méid ábhair a chuireann siad ar fáil;
- (c) cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach a thugann lánaird ar chearta agus ar leas dlí na n-úsáideoirí, go háirithe cearta bunúsacha na n-úsáideoirí a bhaineann leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint;
- (d) cuirfear i bhfeidhm iad ar mhodh dícheallach neamh-idirdhealaitheach.

I gcás ina mbeidh úsáid bearta teicniúla i gceist le bearta sonracha, cuirfear coimircí iomchuí agus éifeachtacha ar fáil chun beachtas a áirithiú agus chun baint anuas ábhair nach ábhar sceimhlitheoireachta í a sheachaint, go háirithe trí mhaoirseacht agus fíorú an duine.

4. Beidh soláthraí seirbhísí óstála neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta i gcás ina mbeidh údarás inniúil Bhallstát a phríomhbhunaíochta nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe tar éis an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) i gcás inar ghlac sé cinneadh, atá bunaithe ar thosca oibiachtúla, amhail tar éis don soláthraí seirbhísí óstála dhá ordú baint anuas deiridh nó níos mó a fháil sa 12 mhí roimhe sin, lena meastar go bhfuil an soláthraí seirbhísí óstála neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta; agus
 - (b) i gcás inar chuir sé an soláthraí seirbhísí óstála ar an eolas faoin gcinneadh dá dtagraítear i bpointe (a).
5. Tar éis don soláthraí seirbhísí óstála an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 nó, i gcás inarb ábhartha, i mír 6 a fháil, tuairisceoidh sé don údarás inniúil maidir leis na bearta sonracha atá déanta aige agus a bhfuil sé ar intinn aige a dhéanamh chun an ceanglas a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 a chomhlíonadh. Déanfaidh sé sin laistigh de 3 mhí ón gcinneadh a fháil agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin. Tiocfaidh deireadh leis an oibleagáid sin a luaithe a chinnfidh an t-údarás inniúil, tar éis iarraidh a fháil de bhun mhír 7, nach bhfuil an soláthraí seirbhísí neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta a thuilleadh.
6. I gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil, bunaithe ar na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 5 agus, i gcás inarb ábhartha, ar aon tosca oibiachtúla eile, nach gcomhlíonann na bearta sonracha atá déanta ag soláthraí óstála ceanglais mhíreanna 2 agus 3, díreoidh an t-údarás inniúil sin cinneadh chuig an soláthraí seirbhísí óstála á cheangal air na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais sin i gcomhréir le míreanna 2 agus 3.
- Féadfaidh an soláthraí seirbhísí óstála cineál na mbeart sonracha atá le glacadh a roghnú.

7. Féadfaidh soláthraí seirbhísí óstála a iarraidh, am ar bith, ar an údarás inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí dá dtagraítear i míreanna 4 nó 6 agus, i gcás inarb iomchuí, na cinntí sin a leasú nó a chúlghairm.

Laistigh de 3 mhí ón iarraidh a fháil, déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh réasúnaithe ar an iarraidh a ghlacadh bunaithe ar thosca oibiachtúla maidir leis an iarraidh agus cuirfidh sé an soláthraí seirbhísí óstála ar an eolas faoin gcinneadh sin.

8. Aon cheanglas bearta sonracha a dhéanamh, beidh sé gan dochar d'Airteagal 15(1) de Threoir 2000/31/CE agus ní bheidh oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe seirbhísí óstála faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhíonn á tharchur nó á stóráil acu, ná oibleagáid ghinearálta chun fíorais nó imthosca a lorg go gníomhach a léiríonn gníomhaíocht neamhdhleathach.

Ní áireofar in aon cheanglas bearta sonracha a dhéanamh oibleagáid ar an soláthraí seirbhísí óstála uirlisí uathoibríthe a úsáid.

Airteagal 6

Ábhar agus sonraí gaolmhara a chaomhnú

1. Caomhnóidh na soláthraithe seirbhísí óstála ábhar sceimhlitheoireachta a baineadh anuas nó a rinneadh rochtain air a dhíchumasú de thoradh ordú baint anuas, nó de thoradh bearta sonracha de bhun Airteagail 3 nó 5, chomh le haon sonraí gaolmhara a baineadh anuas mar gheall ar ábhar sceimhlitheoireachta den sort sin a bhaint anuas, agus a bhfuil gá leo maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh nó gearáin a láimhseáil faoi Airteagal 10 i gcoinne cinneadh ábhar sceimhlitheoireachta agus sonraí gaolmhara a bhaint anuas nó rochtain ar an ábhar agus ar na sonraí sin a dhíchumasú; nó

- (b) chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
2. Caomhnófar an t-ábhar sceimhlitheoireachta agus na sonraí gaolmhara, dá dtagraítear i mír 1, ar feadh 6 mhí tar éis dóibh a bhaint anuas nó a dhíchumasú. Ní dhéanfar an t-ábhar sceimhlitheoireachta a chaomhnú, arna iarraidh sin don údarás inniúil nó don chúirt, ar feadh tréimhse shonraithe níos faide ná sin ach amháin i gcás inar gá sin agus chomh fada is gá le haghaidh imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh atá ar siúl, dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1.
 3. Áiritheoidh na soláthraithe seirbhísí óstála go bhfuil an t-ábhar sceimhlitheoireachta agus na sonraí gaolmhara arna gcaomhnú de bhun mhír 1 faoi réir coimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí.

Leis na coimircí teicniúla agus eagraíochtúla sin, áiritheofar nach ndéanfar an t-ábhar sceimhlitheoireachta ná sonraí lena mbaineann arna gcaomhnú a rochtain ná a phróiseáil ach chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, agus áiritheofar ardleibhéal slándála i dtaca leis na sonraí pearsanta lena mbaineann. Déanfaidh na soláthraithe seirbhísí óstála athbhreithniú agus nuashonrú ar na coimircí sin i gcás inar gá.

ROINN III
COIMIRCI AGUS CUNTASACHT

Airteagal 7

Oibleagáidí trédhearcachta do sholáthraithe seirbhísí óstála

1. Leagfaidh na soláthraithe seirbhísí óstála a mbeartas amach go soiléir ina gcuid téarmaí agus coinníollacha chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, míniú fóna ar fheidhmiú beart sonracha lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, úsáid uirlisí uathoibríthe.
2. Soláthraí seirbhísí óstála a rinne gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta nó ar ceanglaíodh air gníomhaíocht a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo i mbliain féilire ar leith, cuirfidh sé ar fáil don phobal tuarascáil trédhearcachta maidir leis na gníomhaíochtaí sin don bhliain sin. Foilseoidh sé an tuarascáil sin roimh 1 Márta an bhliain ina dhiaidh sin.
3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh sna tuarascálacha trédhearcachta:
 - (a) faisnéis faoi bhearta an tsoláthraí seirbhísí óstála i ndáil le hábhar sceimhlitheoireachta a bhrath, a shaináithint agus a bhaint anuas nó rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú;

- (b) faisnéis faoi bhearta an tsoláthraí seirbhísí óstála chun aghaidh a thabhairt ar ábhar a bheith ag teacht aníos arís ar líne, ar ábhar é a baineadh anuas roimhe sin nó a ndearnadh rochtain air a dhíchumasú toisc go meastar gur ábhar sceimhlitheoireachta é, go háirithe i gcás inar úsáideadh uirlisí uathoibrithe;
- (c) líon na míreanna ábhair sceimhlitheoireachta a baineadh anuas nó a ndearnadh an rochtain orthu a dhíchumasú, de thoradh orduithe baint anuas nó bearta sonracha, agus líon na n-orduithe baint anuas i gcás nár baineadh anuas an t-ábhar nó nár rinneadh an t-ábhar sin a dhíchumasú de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 3(7) agus de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 3(8) mar aon leis na forais ar an méid sin;
- (d) líon agus toradh na ngearán a láimhseáil an soláthraí seirbhísí óstála i gcomhréir le hAirteagal 10;
- (e) líon agus toradh na n-imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscain an soláthraí seirbhísí óstála;
- (f) líon na gcásanna inar ceanglaíodh ar an soláthraí seirbhísí óstála an t-ábhar a aiscur nó rochtain ar an ábhar sin a athbhunú mar thoradh ar imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh;
- (g) líon na gcásanna inar athbhunaigh an soláthraí seirbhísí óstála an t-ábhar nó rochtain ar an ábhar sin tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar ghearán ón soláthraí ábhair.

Airteagal 8

Tuarascálacha trédhearcachta na n-údarás inniúil

1. Foilseoidh na húdaráis inniúla tuarascálacha trédhearcachta bliantúla maidir lena gcuid gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Áireofar sna tuarascálacha sin an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis an mbliain féilire áirithe a chumhdaítear:
 - (a) líon na n-orduithe baint anuas a eisítear faoi Airteagal 3, ina sonraítear líon na n-orduithe baint anuas de bhun Airteagal 4(1), líon na n-orduithe baint anuas ar a ndéantar grinnscrúdú faoi Airteagal 4, agus faisnéis faoi chur i bhfeidhm na n-orduithe baint anuas sin a rinneadh ag na soláthraithe seirbhísí óstála lena mbaineann, lena n-áirítear, i ngach cás, líon na gcásanna inar baineadh anuas an t-ábhar sceimhlitheoireachta nó inar díchumasaíodh an rochtain air agus líon na gcásanna nár baineadh an t-ábhar sceimhlitheoireachta anuas ná nár díchumasaíodh rochtain ar an ábhar sin;
 - (b) líon na gcinntí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5(4), (6) nó (7), agus faisnéis faoi chur i bhfeidhm na gcinntí sin a rinneadh ag na soláthraithe seirbhísí óstála, lena n-áirítear tuairisc ar na bearta sonracha a forchuireadh;
 - (c) líon na gcásanna ina raibh orduithe baint anuas agus cinntí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6) faoi réir imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus faisnéis faoi thoradh na n-imeachtaí ábhartha;
 - (d) líon na gcinntí lena bhforchuirtear pionóis de bhun Airteagal 18, agus tuairisc ar an gcineál pionóis a forchuireadh.

2. Ní bheidh faisnéis san áireamh sna tuarascálacha trédhearcachta bliantiúla dá dtagraítear i mír 1 a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí leanúnacha chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh nó do leasanna slándála náisiúnta.

Airteagal 9

Leigheasanna

1. Na soláthraithe seirbhísí óstála a bhfuil ordú baint anuas arna eisiúint de bhun Airteagal 3(1) nó cinneadh de bhun Airteagal 4(4), nó de bhun Airteagal 5(4), (6) nó (7) faighte acu, beidh sé de cheart acu leigheas éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart chun agóid a dhéanamh ar an ordaithe baint anuas os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis inniúla a d'eisigh an t-ordú baint anuas agus an ceart chun agóid a dhéanamh ar an gcinneadh de bhun Airteagal 4(4) nó de bhun Airteagal 5(4), (6) nó (7), os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis inniúla a rinne an cinneadh.
2. Beidh sé de cheart ag soláthraithe ábhair, ar baineadh anuas ábhar leo nó ar díchumasaíodh an rochtain ar ábhar leo i ndiaidh ordú baint anuas, leigheas éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart chun agóid a dhéanamh ar an ordú baint anuas arna eisiúint de bhun Airteagal 3(1) os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis inniúla a d'eisigh an t-ordú baint anuas agus an ceart chun agóid a dhéanamh ar an gcinneadh de bhun Airteagal 4(4) os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis inniúla a rinne an cinneadh.
3. Cuirfidh Ballstáit nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm chun na cearta dá dtagraítear san Airteagal seo.

Airteagal 10

Sásraí gearáin

1. Bunóidh gach soláthraí seirbhísí óstála sásra éifeachtach agus inrochtana lena bhféadfaidh soláthraithe ábhair i gcás inar baineadh anuas ábhar dá gcuid nó a ndearnadh an rochtain ar ábhar dá gcuid a dhíchumasú de thoradh bearta sonracha de bhun Airteagal 5 gearán a dhéanamh maidir leis an mbaint anuas nó an díchumasú sin, lena n-iarrtar aischur an ábhair nó rochtain ar an ábhar sin a athbhunú.
2. Scrúdóidh gach soláthraí seirbhísí óstála go pras gach gearán a gheobhaidh siad, trí bhíthin an tsásra dá dtagraítear i mír 1 agus aischuirfidh siad an t-ábhar nó athbhunóidh siad rochtain ar an ábhar sin gan moill mhíchúí i gcás nach raibh údar cuí leis an ábhar a bhaint anuas nó leis an rochtain air a dhíchumasú. Cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoi thoradh an ghearáin laistigh de choicís tar éis an gearán a fháil.

I gcás ina ndiúltófar do ghearán, soláthróidh an soláthraí seirbhísí óstála cúiseanna dá chinneadh don ghearánaí.

Le haischur an ábhair nó le rochtain ar an abhar sin a athbhunú, ní chuirfear bac ar imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh chinneadh an tsoláthraí seirbhísí óstála nó in aghaidh chinneadh an údaráis inniúil.

Airteagal 11

Faisnéis do sholáthraithe ábhair

1. I gcás inar bhain soláthraí seirbhísí óstála ábhar sceimhlitheoireachta anuas nó ina ndearna siad an rochtain air a dhíchumasú, cuirfidh siad faisnéis ar fáil don soláthraí ábhair faoin mbaint anuas nó dhíchumasú sin.
2. Arna iarraidh sin don soláthraí ábhair, cuirfidh an soláthraí seirbhísí óstála an soláthraí ábhair ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an mbaint anuas nó leis an rochtain a dhíchumasú agus faoi na cearta atá aige agóid a dhéanamh ar ordú baint anuas nó soláthróidh sé cóip den ordú baint anuas a eisíodh don soláthraí ábhair.
3. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid de bhun mhíreanna 1 agus 2 i gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil a bhfuil an t-ordú baint anuas á eisiúint aige, gur gá agus gur comhréireach é nach mbeidh aon nochtadh ar chúiseanna slándála poiblí, amhail cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, a fhad is gá, ach tráth nach faide ná 6 seachtaine ón gcinneadh sin. I gcás den sórt sin, ní nochtfaidh an soláthraí seirbhísí óstála aon fhaisnéis faoi ábhar a bhaint anuas nó rochtain ar ábhar sceimhlitheoireachta a dhíchumasú.

Féadfaidh an t-údarás inniúil síneadh 6 seachtaine eile a chur leis an tréimhse sin, i gcás ina leanfaidh an neamhnochtadh sin de bhonn cirt a bheith ag baint leis.

ROINN IV
ÚDARAIS INNIÚLA AGUS COMHAR

Airteagal 12

Údaráis inniúla a ainmniú

1. Ainmneoidh gach Ballstát an t-údarás nó na húdaráis inniúla chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) orduithe baint anuas a eisiúint de bhun Airteagal 3;
 - (b) grinnscrúdú a dhéanamh ar orduithe baint anuas de bhun Airteagal 4;
 - (c) maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme beart sonrath de bhun Airteagal 5;
 - (d) oibleagáidí faoin Rialachán seo a fhorfheidhmiú trí phionóis de bhun Airteagal 18.

2. Áiritheoidh gach Ballstáit go mbeidh pointe teagmhála ainmnithe nó bunaithe laistigh de na húdaráis inniúla dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 chun déileáil le hiarrataí ar shoiléiriú agus ar aiseolas i ndáil le horduithe baint anuas arna n-eisiúint ag an údarás inniúil sin.

Áiritheoidh Ballstáit go gcuirfear faisnéis faoin bpointe teagmhála ar fáil don phobal.

3. Faoi ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi údarás inniúil nó na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 agus faoi aon mhodhnuithe air. Foilseoidh an Coimisiún an fógra agus aon mhodhnuithe orthu in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
4. Faoi ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh an Coimisiún clár ar líne ina liostófar na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa chéad mhír agus an pointe teagmhála ainmnithe nó bunaithe de bhun mhír 2 do gach údarás inniúil. Foilseoidh an Coimisiún aon mhodhnuithe air go tráthrialta.

Airteagal 13

Údaráis inniúla

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cumhachtaí riachtanacha agus acmhainní leordhóthanacha ag a gcuid údarás inniúil chun na haidhmeanna a bhaint amach agus a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialachán seo.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a gcuid údarás náisiúnta inniúil a gcúraimí faoi Rialachán seo ar bhealach oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha ag an am céanna. Ní dhéanfaidh údaráis inniúla treoracha a lorg ná a ghlacadh ó aon chomhlacht eile maidir le déanamh na gcúraimí a shanntar dóibh faoi Airteagal 12(1).

Leis an gcéad fhomhír den mhír seo, ní chuirfear cosc ar mhaoirseacht i gcomhréir leis an dlí bunreachtúil náisiúnta.

Airteagal 14
Comhar idir soláthraithe seirbhísí óstála,
údaráis inniúla agus Europol

1. Maidir le horduithe baint anuas, déanfaidh údaráis inniúla faisnéis a mhalartú agus comhoibreoidh siad le chéile agus, i gcás inarb iomchuí, le Europol, go hairithe chun dúbailt iarrachta a sheachaint, chun comhordú a fheabhsú agus chun cur isteach ar imscrúduithe sna Ballstáit éagsúla a sheachaint.
2. Maidir leis na bearta sonracha arna ndéanamh de bhun Airteagal 5 agus maidir leis na pionóis arna bhforchur de bhun Airteagal 18, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát faisnéis a mhalartú, agus comhordóidh siad agus comhoibreoidh siad leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 12(1). Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na húdarás inniúla dá dtagraítear i bpointí (c) agus pointe (d) d'Airteagal 12(1) i seilbh na faisnéise ábhartha uile.
3. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bealaí nó sásraí cumarsáide atá iomchuí agus slán chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha a mhalartú go tráthúil.

4. Chun go gcuirfean an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach agus chun dúbailt iarrachta a sheachaint, féadfaidh na Ballstáit agus na soláthraithe seirbhísí óstála uirlisí tiomnaithe a úsáid, lena n-áirítear na huirlisí sin a bhunaigh Europol, go háirithe chun an méid seo a leanas a éascú:
 - (a) an phróiseáil agus an t-aiseolas a bhaineann le horduithe baint anuas de bhun Airteagal 3; agus
 - (b) comhar d'fhonn bearta sonracha de bhun Airteagal 5 a shainathint agus a chur chun feidhme.
5. I gcás ina mbeidh soláthraithe seirbhísí óstála ar an eolas faoi ábhar sceimhlitheoireachta lena mbaineann garbhaol do bheatha duine, déanfaidh siad na húdaráis atá inniúil ar chionta coiriúla a imscrúdú agus a ionchúiseamh sna Ballstáit lena mbaineann a chur ar an eolas go pras. I gcás nach féidir na Ballstáit lena mbaineann a shainathint, cuirfidh na soláthraithe seirbhísí óstála, de bhun Airteagal 12(2), an pointe teagmhála sa Bhallstát ina bhfuil a bpríomhbhunaíocht nó ina gcónaíonn a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe ar an eolas agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis a bhaineann leis an ábhar sceimhlitheoireachta sin chuig Europol chun go ndéanfar an obair leantach iomchuí i dtaca leis.
6. Moltar do na húdaráis inniúla cóipeanna de na horduithe baint anuas a sheoladh chuig Europol lena gceadaítear do Europol tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil, ina mbeidh anailís ar na cineálacha ábhair sceimhlitheoireachta atá faoi réir ordú maidir leis an t-ábhar sin a bhaint anuas nó rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú de bhun an Rialacháin seo.

Airteagal 15

Pointí teagmhála na soláthraithe seirbhísí óstála

1. Ainmneoidh gach soláthraí seirbhísí óstála nó bunóidh siad pointe teagmhála lena bhféadfar orduithe baint anuas a fháil go leictreonach agus lena bhféadfar iad a phróiseáil go pras de bhun Airteagail 3 agus 4. Áiritheoidh an soláthraí seirbhísí óstála go gcuirfear an fhaisnéis faoin bpointe teagmhála ar fáil don phobal.
2. San fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, sonrúfar teangacha oifigiúla institiúidí an Aontais, dá dtagraítear i Rialachán 1/58¹, inar féidir teagmháil a dhéanamh leis an bpointe teagmhála agus inar féidir na malartuithe breise a dhéanamh i ndáil leis na horduithe baint anuas de bhun Airteagal 3. Áireofar ar na teangacha sin, teanga amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil bunaithe.

¹ Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

ROINN V
CUR CHUN FEIDHME AGUS FORFHEIDHMÍÚ

Airteagal 16

Dlínse

1. Is ag an mBallstát ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála a bheidh dlínse chun críocha Airteagail 5, 18 agus 21. Soláthraí seirbhísí óstála nach bhfuil a phríomhbhunaíocht laistigh den Aontas, measfar é a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil, nó ina bhfuil an t-ionadaí sin bunaithe.
2. I gcás nach n-ainmneoidh soláthraí seirbhísí óstála, nach bhfuil a phríomhbhunaíocht san Aontas, ionadaí dlíthiúil, beidh dlínse ag gach Ballstát.
3. I gcás ina bhfeidhmíonn údarás inniúil Ballstáit dlínse de bhun na mhír 2, cuirfidh sé an méid sin in iúl d'údaráis inniúla na mBallstát eile go léir.

Airteagal 17

Ionadaí dlíthiúil

1. Déanfaidh soláthraí seirbhísí óstála nach bhfuil príomhbhunaíocht aige san Aontas duine nádúrtha nó duine dlítheanach nó a ainmniú, i scríbhinn, i gcáil a ionadaí dlíthiúil san Aontas chun críche orduithe baint anuas agus cinntí arna n-eisiúint ag na húdaráis inniúla ar bhonn an Rialacháin seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmíú.

2. Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí óstála na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá dá ionadaí dlíthiúil chun na orduithe baint anuas sin agus na cinntí a chomhlíonadh agus chun oibriú i gcomhar leis na húdaráis inniúla.

Beidh cónaí ar an soláthraí seirbhísí óstála nó beidh sé bunaithe i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgeann soláthraí seirbhísí óstála a chuid seirbhísí.

3. Féadfar an t-ionadaí dlíthiúil a chur faoi dhliteanas mar gheall ar sháruithe ar an Rialachán seo, gan dochar d'aon dhliteanas ar an soláthraí seirbhísí óstála nó do ghníomhartha dlíthiúla in aghaidh an tsoláthraí seirbhísí óstála.
4. Cuirfidh an soláthraí seirbhísí óstála an t-údarás inniúil dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 12(1) sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe ar an eolas faoin ainmniú.

Cuirfidh an soláthraí seirbhísí óstála an fhaisnéis faoin ionadaí dlíthiúil ar fáil don phobal.

ROINN VI
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 18

Pionóis

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo ag soláthraithe seirbhíse óstála agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh pionóis sin teoranta d'aghaidh a thabhairt ar shárúithe ar Airteagal 3(3) agus (6), Airteagal 4(2) agus (7), Airteagal 5 (1), (2), (3), (5) agus (6), Airteagail 6, 7, 10 agus 11, Airteagal 14(5), Airteagal 15(1) agus Airteagal 17.

Beidh na pionóis dá dtagraítear sa chéad fhomhír éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Faoin ...[12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear dóibh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na húdaráis inniúla, agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart nó nár cheart pionós a fhorchur agus cineál agus leibhéal na bpionós á gcinneadh acu, na himthosca ábhartha go léir san áireamh, lena n-áirítear:
 - (a) cineál, tromchúis agus fad an tsárúithe;
 - (b) cibé acu an raibh an sárú intinneach nó faillitheach;

- (c) sáruihte atá déanta cheana ag an tsoláthraí seirbhíse óstála;
 - (d) neart airgeadais an tsoláthraí seirbhíse óstála atá faoi dhliteanas;
 - (e) leibhéal comhair an tsoláthraí seirbhíse óstála leis na húdaráis inniúla;
 - (f) cineál agus méid an tsoláthraí seirbhíse óstála, go háirithe cé acu microfiontar nó fiontar beag nó meánmhéide atá ann;
 - (g) a mhéid atá locht ar an tsoláthraí seirbhíse óstála, agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a rinne an tsoláthraí seirbhíse óstála chun an Rialacháin seo a chomhlíonadh á gcur san áireamh.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ngearrfar pionóis airgeadais suas le 4 % de láimhdeachas iomlán an tsoláthraí seirbhíse óstála don bhliain ghnó roimhe sin as mainneachtain chórasach nó leanúnach oibleagáidí de bhun Airteagal 3(3) a chomhlíonadh.

Airteagal 19

Ceanglais theicniúla agus leasuithe ar na hiarscríbhinní

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na ceanglais theicniúla is gá maidir leis na meáin leictreonacha atá le húsáid ag na húdaráis inniúla chun orduithe baint anuas a chur ar aghaidh.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 20 a ghlacadh chun na hiarscríbhinní a leasú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar aon ghá a bheadh ann feabhsú a dhéanamh ar a bhfuil sna teimpléid le haghaidh orduithe baint anuas agus chun faisnéis a sholáthar i gcás inar dodhéanta orduithe baint anuas a chur i gcrích.

Airteagal 20

Tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón ... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 21

Faireachán

1. Baileoidh na Ballstáit faisnéis óna n-údaráis inniúla agus ó na soláthraithe seirbhísí óstála atá faoina ndlínse agus déanfaidh siad faisnéis faoi na bearta a rinne siad i gcomhréir leis an Rialachán seo a sheoladh chuig an gCoimisiún gach bliain faoin 31 Márta den bhliain féilire roimhe sin. Áireofar ar an bhfaisnéis sin an méid seo a leanas:
 - (a) líon na n-orduithe baint anuas arna n-eisiúint agus líon na míreanna ábhair sceimhlitheoireachta a baineadh anuas nó a ndearnadh an rochtain orthu a dhíchumasú, agus cé chomh scioptha a baineadh anuas iad nó a rinneadh iad a dhíchumasú;
 - (b) na bearta sonracha arna ndéanamh de bhun Airteagal 5, lena n-áirítear líon na míreanna ábhair sceimhlitheoireachta a baineadh anuas nó a ndearnadh an rochtain orthu a dhíchumasú agus cé chomh scioptha a baineadh anuas iad nó a rinneadh iad a dhíchumasú;

- (c) líon na n-iarrataí rochtana arna n-eisiúint ag údaráis inniúla maidir le hábhar arna chaomhnú ag soláthraithe seirbhísí óstála de bhun Airteagal 6;
- (d) líon na nósanna imeachta maidir le gearáin arna dtionscnamh agus faoi na bearta arna ndéanamh ag na soláthraithe seirbhísí óstála de bhun Airteagal 10;
- (e) líon na n-imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh arna dtionscnamh agus faoi líon na gcinntí arna ndéanamh ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

2. Faoin ... [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin seo. Leagfar amach sa chlár faireacháin na táscairí agus na modhanna lena ndéanfar na sonraí agus an fhianaise eile is gá a bhailiú agus na tréimhsí chun sin a dhéanamh. Sonrófar sa chlár sin na bearta atá le déanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun na sonraí agus an fhianaise eile a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo de bhun Airteagal 23.

Airteagal 22

Tuarascáil cur chun feidhme

Faoin ... [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Sa tuarascáil sin, áireofar faisnéis faoi fhaireachán faoi Airteagal 21 agus faisnéis a eascraíonn ó na hoibleagáidí trédhearcachta faoi Airteagal 8. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil a dhréachtú.

Airteagal 23
Meastóireacht

Faoi ... [3 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir lena chur i bhfeidhm lena n-áirítear:

- (a) feidhmiú agus éifeachtacht na sásraí coimirce, go háirithe na sásraí sin dá bhforáiltear in Airteagal 4(4), 6(3) agus Airteagail 7 go 11;
- (b) tionchar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar chearta bunúsacha, go háirithe ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus a thabhairt, ar an urraim don saol príobháideach agus do chosaint sonraí pearsanta; agus
- (c) rannchuidiú an Rialacháin seo le cosaint na slándála poiblí.

Beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil, i gcás inarb iomchuí.

Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil a dhréachtú.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar a riachtanaí agus a indéanta atá sé ardán Eorpach maidir le hábhar sceimhlitheoireachta ar líne a bhunú chun cumarsáid agus comhar a éascú faoin Rialachán seo.

Airteagal 24

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

ORDÚ BAINT ANUAS (Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/...

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁺)

De bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/...⁺⁺ ('an Rialachán'), bainfidh seolaí an ordaithe baint anuas seo ábhar sceimhlitheoireachta anuas nó déanfaidh sé ábhar sceimhlitheoireachta a dhíchumasú i ngach Ballstát a luaithe agus is féidir agus ar aon chuma, laistigh d'uair an chloig ón uair a fhaigheann sé an t-ordú baint anuas.

De bhun Airteagal 6 den Rialachán déanfaidh an seolaí ábhar agus sonraí gaolmhara a chaomhnú, ar ábhar agus sonraí iad a baineadh anuas nó a ndearnadh rochtain orthu a dhíchumasú, go ceann 6 mhí nó tréimhse is faide ná sin arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla nó do na cúirteanna.

De bhun Airteagal 15(2) den Rialachán, seolfar an t-ordú baint anuas i gceann de na teangacha a d'ainmnigh an seolaí.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad ST 14308/20 (2018/0331 (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

⁺⁺ IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad ST 14308/20 (2018/0331 (COD)).

ROINN A:

Ballstát an údaráis eisiúna inniúla:

.....

NB: tá sonraí an údaráis eisiúna inniúla le soláthar i Ranna E agus F

An seolaí agus, i gcás inarb ábhartha, an t-ionadaí dlíthiúil:

.....

Pointe teagmhála:

.....

Ballstát ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil an t-ionadaí bunaithe:

.....

Am agus dáta eisiúna an ordaithe baint anuas:

.....

Uimhir thagartha an ordaithe baint anuas:

.....

ROINN B: Baintear an t-ábhar sceimhlitheoireachta anuas nó déantar an rochtain air a dhíchumasú i ngach Ballstát a luaithe is féidir agus ar aon chuma laistigh d'uair an chloig ón uair a fhaightear an t-ordú baint anuas:

URL agus aon fhaisnéis bhreise lenar féidir an t-ábhar sceimhlitheoireachta a shainaithint agus suíomh sonracha an ábhair sceimhlitheoireachta a shainaithint:

.....

Na cúiseanna a mheastar gur ábhar sceimhlitheoireachta é an t-ábhar, i gcomhréir le pointe (7) d'Airteagal 2) den Rialachán.

Leis an ábhar (cuir tic sa bhosca ábhartha (nó sna boscaí ábhartha)):

- déantar daoine eile a ghríosú chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh, amhail gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a mhóradh, trí a mholadh cionta den sórt sin a dhéanamh (pointe (7)(a) d'Airteagal 2 den Rialachán)
- iarrtar ar dhaoine eile chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó chun rannchuidiú le cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh (pointe 7(b) d'Airteagal 2 den Rialachán)
- iarrtar ar dhaoine eile a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí grúpa sceimhlitheoireachta i (pointe (7)(c) d'Airteagal 2 den Rialachán)
- déantar treoracha a sholáthair maidir le pléascáin, airm thine nó armáin eile nó substaintí guaiseacha nó díobhálacha a dhéanamh nó a úsáid, nó maidir le modhanna nó teicnící sonracha eile chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó chun a bheith rannpháirteach i gcionta den sórt sin a dhéanamh (pointe (7)(d) d'Airteagal 2 den Rialachán)
- is bagairt é ceann de na cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh (pointe (7)(e) d'Airteagal 2 den Rialachán)

Faisnéis bhreise chun a mheas an ábhar sceimhlitheoireachta é an t-ábhar:

.....
.....
.....

ROINN C: Faisnéis don soláthraí ábhair

Tabhair do d'aire, le do thoil (cuir tic sa bhosca, le do thoil, más infheidhme):

- mar gheall ar chúrsaí slándála poiblí, ní mór don seolaí staonadh ón soláthraí ábhair a chur ar an eolas gur baineadh anuas an ábhair sceimhlitheoireachta nó go ndearnadh an rochtain air a dhíchumasú.

Mura bhfuil an bosca ábhartha, le do thoill, féach Roinn G le haghaidh sonraí ar na féidearthachtaí atá ann agóid a dhéanamh ar an ordú baint anuas i mBallstát an údaráis eisiúna inniúla faoin dlí náisiúnta (ní mór cóip den ordú baint anuas a chur ar aghaidh chuig an soláthraí ábhair, má iarrtar sin)

ROINN D: Faisnéis d'údarás inniúil an Ballstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil sé bunaithe

Cuir tic sa bhosca (sna boscaí) ábhartha:

- Murab ionann an Ballstát ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil sé bunaithe agus Ballstát an údaráis eisiúna inniúla
- Seoltar cóip den ordú baint anuas chuig údarás inniúil ábhartha an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil sé bunaithe

ROINN E: Sonraí an údaráis eisiúna inniúla

An cineál (cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil):

- breitheamh, cúirt, nó breitheamh imscrúduithe
- an t-údarás forfheidhmithe dlí
- údarás inniúil eile → líon isteach Roinn F freisin

Sonraí an údaráis eisiúna inniúla nó a ionadaí le deimhniú go bhfuil an t-ordú baint anuas cruinn ceart:

Ainm an údaráis eisiúna inniúla:

.....

Ainm an ionadaí agus an post atá aige/aici (teideal agus grád):

.....

Uimhir an chomhaid:

Seoladh:

Uimhir ghutháin: (cód na tíre) (ceantar/cód na cathrach)

Uimhir facs: (cód na tíre) (ceantar/cód na cathrach)

Seoladh ríomhphoist:

Dáta:

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil) agus síniú¹:

¹ Níl síniú de dhíth má sheoltar an t-ordú baint anuas trí na bealaí fíordheimhnithe leis an ordú baint anuas a chur isteach, ar bealaí iad lena féidir barántúlacht an ordaithe baint anuas a ráthú.

ROINN F: Sonraí teagmhála i gcomhair obair leantach

Sonraí teagmhála an údaráis eisiúna inniúla le haiseolas a fháil faoi am an bhaint anuas nó faoin am a ndearnadh an rochtain a dhíchumasú, nó le soiléiriú breise a sholáthar:

.....

Sonraí teagmhála an údaráis inniúil an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil an t-ionadaí bunaithe

.....

ROINN G: Faisnéis maidir le féidearthachtaí sásaimh

Faisnéis maidir leis an gcomhlacht inniúil nó leis an gcúirt inniúil, sprioc-amanna agus nósanna imeachta chun agóid a dhéanamh ar an ordú baint anuas:

An comhlacht inniúil nó an chúirt inniúil, ar féidir agóid a dhéanamh ar an ordú baint anuas, os a gcomhair:

.....

Sprioc-am leis an gcinneadh a chonspóid:

[laethanta/míonna ó ... amach]

.....

Nasc chuig na forálacha sa reachtaíocht náisiúnta:

.....

IARSCRÍBHINN II

AISEOLAS I nDIAIDH ÁBHAR SCEIMHLITHEOIREACHTA A BHAIN ANUAS NÓ ROCHTAIN AR ÁBHAR SCEIMHLITHEOIREACHTA A DHÍCHUMASÚ

(Airteagal 3(6) de Rialachán (AE) 2021/...
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁺)

ROINN A:

Seolaí an ordaithe baint anuas:

.....

An t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú baint anuas:

.....

Tagairt chomhaid an údaráis eisiúna inniúla a d'eisigh an t-ordú baint anuas:

.....

Tagairt chomhaid an tseolaí:

.....

An t-am agus an dáta a fuarthas an t-ordú baint anuas:

.....

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad ST 14308/20 (2018/0331 (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

ROINN B: Bearta arna nglacadh i gcomhréir leis an ordú baint anuas

(Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil):

- baineadh anuas an t-ábhar sceimhlitheoireachta
- rinneadh rochtain ar an ábhar sceimhlitheoireachta a dhíchumasú i ngach Ballstát

An t-am agus an dáta a rinneadh an beart:

.....

ROINN C: Sonraí an tseolaí

Ainm an tsoláthraí seirbhísí óstála:

.....

NÓ

Ainm ionadaí dhlíthiúil an tsoláthraí seirbhísí óstála:

.....

Ballstát phríomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí óstála

.....

NÓ:

Ballstát chónaitheacht nó bhunaíocht ionadaí dlí an tsoláthraí seirbhísí óstála:

.....

Ainm an duine údaraithe:

.....

Seoladh ríomhphoist an phointe teagmhála:

.....

Dáta:

.....

IARSCRÍBHINN III

FAISNÉIS MAIDIR LE DODHÉANTACHT
AN tORDÚ BAINT ANUAS A CHUR I gCRÍCH
(Airteagal 3(7) agus (8) de Rialachán (AE) 2021/...
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁺)

ROINN A:

Seolaí an ordaithe baint anuas:

.....

An t-údarás inniúil a d'eisigh an t-ordú baint anuas:

.....

Tagairt chomhaid an údaráis inniúla a d'eisigh an t-ordú baint anuas:

.....

Tagairt chomhaid an tseolaí:

.....

An t-am agus an dáta a fuarthas an t-ordú baint anuas:

.....

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad ST 14308/20 (2018/0331 (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

ROINN B: Na cúiseanna nár cuireadh an t-ordú i gcrích

(1) Ní féidir an t-ordú baint anuas a chur i gcrích laistigh den sprioc-am mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas (cuir tic sa bhosca ábhartha (nó sna boscaí ábhartha)):

- force majeure* nó dodhéantacht *de facto* nach bhfuil le leagan ar an soláthraí seirbhísí óstála, lena n-áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla a bhfuil údar oibiachtúil leo
- tá earráidí follasacha san ordú baint anuas
- tá easpa faisnéise leordhóthanach san ordú baint anuas

(2) Cuir breis faisnéise ar fáil, le do thoil, faoi na cúiseanna nár cuireadh an t-ordú i gcrích:

.....

(3) Má tá earráidí follasacha san ordú baint anuas agus/nó má tá easpa faisnéise ann, sonraigh na hearráidí iad féin agus an fhaisnéis nó an soiléiriú breise atá de dhíth:

.....

ROINN C: Sonraí an tsoláthraí seirbhísí óstála nó a ionadaí dlí

Ainm an tsoláthraí seirbhísí óstála:

.....

NÓ

Ainm ionadaí dlí an tsoláthraí seirbhísí óstála:

.....

Ainm an duine údaraithe:

.....

Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist):

.....

Síniú:

.....

Am agus dáta:

.....
